

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

# TUARASCÁIL FORMHAOIRSEACHTA AR CHLÁIR NA dTOGHTHÓIRÍ

## DO THOGHLACH ARDOIDEACHAIS AN tSEANAID

MEÁN FÓMHAIR 2026

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Meán Fómhair 2026
ISBN: 978-1-911722-18-2

**An Coimisiún Toghcháin,**
**Caisleán Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2,**
D02 X8X8.

Lean muid ar ardáin na meán sóisialta @ElecCommIRL
nó logáil isteach ar www.electoralcommission.ie

# An Clár Ábhar


1. An Brollach 2

2. Achoimre Fheidhmeach 4

3. Raon, Cúlra agus Modheolaíocht 12

4. Róil agus Freagrachtaí 13

5. Bunú Chlár na dToghthóirí don Toghlach Ardoideachais 15

6. Toghthóirí an Toghlaigh Ardoideachais – An Cás faoi Láthair 21

7. Cruinneas Chlár an Toghlaigh Ardoideachais 24

8. Iomláine Chlár an Toghlaigh Ardoideachais 30

Aguisín 1 34

Aguisín 2 40

Aguisín 3 47

Aguisín 4 51

Iarnótaí 52


Íomhá an chlúdaigh: © Oireachtas

# 1. An Brollach



Anuraidh, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an Coimisiún a chéad Athbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin (PEER) d'olltoghchán Seanaid,[1] a bhí ar siúl i mí Eanáir 2025. Thuigeamar ag an am gur phointe tábhachtach i stair dhaonlathas na hÉireann a bhí sa toghchán sin, toisc gurb é sin an uair dheireanach a thogh an toghlach nach raibh céimithe ach ó dhá institiúid ann – Ollscoil na hÉireann (OÉ) agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, TCD) – an seisear comhaltaí ollscoile don Seanad.

Leasaíodh an dlí i ndiaidh chinneadh na Cúirte Uachtaraí in 2023 sa chás Heneghan v. Minister for Housing, Planning and Local Government [2023] IESC 18 go raibh oibleagáid ar an Oireachtas reachtaíocht a achtú chun éifeacht a thabhairt do thorthaí reifrinn in 1979 a cheangail athbhunú thoghthóirí an tSeanaid chun céimithe ó institiúidí ardoideachais eile a áireamh. Leathnaigh Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024 an ceart vótála chuig institiúidí ardoideachais ainmnithe áirithe agus is le clár na dtoghthóirí don toghlach leathnaithe sin a bhaineann an tuarascáil seo.

Tugtar cumhacht don Choimisiún Toghcháin faoi Alt 26 d'Acht 2024 taighde a choimisiúnú nó a dhéanamh ar chruinneas agus ar iomláine chlár nua na dtoghthóirí, na gníomhaíochtaí a dhéanann institiúidí ainmnithe chun a chinntiú go gcuirtear iad siúd atá incháilithe le vótáil ar an eolas faoin gceart sin, na nósanna imeachta a bhaineann leis an bpróiseáil agus an bainistiú faisnéise a dhéanann an Príomh-Údarás Clárúcháin (CRA) agus aon ábhar eile a bhaineann leis an toghlach Ardoideachas nua seo.

Roghnaigh an Coimisiún an chumhacht taighde reachtúil sin a fheidhmiú agus dá réir sin tá sé de dhualgas air tuarascáil a fhoilsiú i ndáil le clár nua na dtoghthóirí sin bunaithe ar an taighde sin. Tá an tuarascáil de bhíthin Alt 26(3) le measúnú a thabhairt ar an gcaoi a gcoinnítear an clár, chomh maith le haon mholtaí a mheastar a bheith riachtanach chun sláine an chláir agus an phróisis clárúcháin a chothabháil nó a fheabhsú.

Go sonrach, féadfar moltaí a dhéanamh don phríomh-oifigeach clárúcháin maidir le cothabháil agus úsáid an chláir. Féadfaidh an Coimisiún caighdeáin a leagan síos i ndáil le clár na dtoghthóirí agus féadfaidh sé moltaí a dhéanamh don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh clárúcháin agus an reachtaíocht a bhaineann leis na nósanna imeachta sin.

Chuir an Príomh-Oifigeach Clárúcháin, an Dr Patrick O'Leary, tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin Toghcháin in 2025 faoi bhail an chláir seo, agus cuireann na sonraí sin bonn eolas faoin tuarascáil seo. Chomh maith leis sin, bhí an Coimisiún ag plé le hoifigigh chlárúcháin gach institiúide ainmnithe agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an tuarascáil seo á hullmhú.

Tá an tuarascáil seo tábhachtach, agus is í an chéad cheann í a chuireamar i dtoll a chéile faoi chlár nua na dtoghthóirí seo. Breathnaítear ann ar an gcaoi ar bunaíodh an chéad chlár toghthóirí don toghlach nua, bail chlár na dtoghthóirí in 2025 agus 2026 agus na pleananna chun an próiseas clárúcháin a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh. Tá cothabháil agus cruinneas an chláir ríthábhachtach agus tugann bunú cláir nua deis chun ardleibhéal iomláine agus cruinnis a bhaint amach, cé nach tasc éasca é ar chor ar bith. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag faire le spéis ar an gcaoi a bhforbraíonn sé agus a gcomhlíonann sé riachtanais cláir nua-aimseartha agus éifeachtúil.

Ní bhíonn aon ról ag an gCoimisiún i mbainistíocht chláir na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais ó lá go lá, agus ní féidir leis athruithe a dhéanamh ná a ordú ar an gcaoi a ndéantar é a chothabháil. Tá an Príomh-Údarás Clárúcháin (CRA) freagrach as an mbainistíocht agus an chothabháil sin, agus tá na hinstitiúidí ainmnithe freagrach as cáilíochtaí na n-iarratasóirí a fhíorú. Tá freagracht beartais sa réimse seo ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá moltaí déanta ag an gCoimisiún sa tuarascáil seo lena mbreithniú ag na príomhpháirtithe leasmhara institiúideacha.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Dr Patrick O'Leary, an CRA, Oifigigh Chlárúcháin gach institiúide ainmnithe, agus an Roinn as a gcomhoibriú leis an gCoimisiún agus an tuarascáil seo á hullmhú.



**An Breitheamh Onórach Marie Baker**

An Cathaoirleach

An Coimisiún Toghcháin

# 2. Achoimre Fheidhmeach

Idir 1937 agus 2025, thoghadh céimithe ó dhá ollscoil sé shuíochán ollscoile sa Seanad: trí cinn ó thoghlach Ollscoil Bhaile Átha Cliath (TCD) agus trí cinn ó thoghlach Ollscoil na hÉireann (OÉ). Foráladh in *Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024* go mbunófaí toghlach Ardoideachais nua do na toghcháin do Sheanad Éireann. Is éard atá sa toghlach nua sin céimithe ó institiúidí ardoideachais, mar atá ainmnithe faoi *Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022*, a bhfuil céim bronnta orthu nó a fuair céim, ar saoránaigh Éireannacha iad agus atá 18 mbliana d'aois nó níos sine.

Faoi Alt 26 d'*Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024*, féadfaidh an Coimisiún Toghcháin taighde a choimisiúnú nó a dhéanamh i dtaobh:

a. cruinneas agus iomláine chlár na dtoghthóirí,

b. na gníomhaíochtaí a dhéanann institiúidí ainmnithe chun a chinntiú go gcuirtear gach duine atá i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóirí ar chlár na dtoghthóirí ar an eolas faoina gceart chun clárú agus faoin bpróiseas chun é sin a dhéanamh,

c. na nósanna imeachta a bhaineann leis an bpróiseáil agus an bainistiú faisnéise a dhéanann an príomh-údarás clárúcháin,

d. aon ní eile a bhaineann leis an toghlach Ardoideachais a mheasann an Coimisiún Toghcháin a bheith ábhartha dá fheidhmeanna.

Is ionann clár toghthóirí cruinn agus ceann nach bhfuil aon iontrálacha bréagacha, dúblacha ná míchearta air, agus ina bhfuil na sonraí ar fad d'iontráil cruinn. Is féidir iomláine cláir toghthóirí a thomhas lena mhéid a bhfuil gach duine atá i dteideal a bheith ar chlár toghthóirí ar an gclár toghthóirí sin.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú gach dhá bhliain bunaithe ar aon taighde a rinneadh nó a coimisiúnaíodh. Féadfaidh an Coimisiún moltaí a dhéanamh don Phríomh-Oifigeach Clárúcháin maidir le cothabháil agus úsáid an chláir, féadfaidh sé caighdeáin a leagan síos i ndáil le clár na dtoghthóirí agus féadfaidh sé moltaí a dhéanamh don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh clárúcháin agus an reachtaíocht a bhaineann leis na nósanna imeachta sin.

Ceanglaítear ar an bPríomh-Oifigeach Clárúcháin tuairisciú go bliantúil don Choimisiún Toghcháin maidir le clár na dtoghthóirí agus comhlíonadh a bhfeidhmeanna. Chuir an Príomh-Oifigeach Clárúcháin tuarascáil den sórt sin isteach in 2025, agus cuireann a sonraí bonn eolas faoin tuarascáil seo. Agus an tuarascáil seo á hullmhú, bhí an Coimisiún i dteagmháil freisin le hOifigigh Chlárúcháin na n-institiúidí ainmnithe, agus chríochnaigh gach duine acu suirbhé mionsonraithe faoina bhfeidhmeanna clárúcháin. Thug an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta freagraí mionsonraithe ar ár gceisteanna freisin.

Bunaithe ar an rannpháirtíocht sin, na tuarascálacha agus na freagraí suirbhé, d'fhoghlaim an Coimisiún an méid seo a leanas:

D'oibrigh na páirtithe leasmhara ar fad atá bainteach leis an toghlach Ardoideachais – an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Príomh-Oifigeach Clárúcháin, an Príomh-Údarás Clárúcháin (CRA) agus na hinstitiúidí ainmnithe – go héifeachtach chun próisis a fhorbairt trína bhféadfaidís siúd atá incháilithe le clárú déanamh amhlaidh agus tá siad ag obair ar fheabhsú leanúnach ar na próisis sin.

Is clár nua é an toghlach Ardoideachais agus tá líon íseal toghthóirí cláraithe air faoi láthair. Mar sin féin, tá leibhéal ard cruinnis ag baint leis an gclár tráth an fhoilsithe. B'éigean dóibh siúd a bhí cláraithe roimhe seo le hOllscoil na hÉireann nó le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath do thoghcháin an tSeanaid clárú arís don toghlach Ardoideachais, agus tá céimithe ó na hinstitiúidí ainmnithe eile cláraithe den chéad uair. Taifeadtar sonraí aonair ar leith do gach toghthóir nua, ar nós seoladh, dáta breithe, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) agus Éirchód, rud a íoslaghdaíonn an seans go gclaróidh toghthóirí níos mó ná uair amháin. Beidh sé riachtanach ardleibhéil cruinnis a choinneáil de réir mar a leathnaíonn an clár agus de réir mar a athraíonn sonraí toghthóirí, go háirithe ós rud é go ndéantar an vótáil go léir trí phostvótáil.

Tá sé deacair a chinneadh le cinnteacht cé mhéad toghthóir ionchasach atá incháilithe chun vótáil sa toghlach Ardoideachais. Tá tagairt déanta ag foinsí éagsúla d'uimhreacha idir 800,000 agus breis agus 1 mhilliún toghthóir. Mar sin féin, níl aon fhigiúr údarásach ann maidir le líon na gcéimithe céime atá ina saoránaigh Éireannacha atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn, go háirithe ós rud é nach bhfuil incháilitheacht teoranta dóibh siúd a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát. Níl ach 71,850 toghthóir cláraithe ar an gclár faoi láthair, ar cuid an-bheag den líon toghthóirí incháilithe measta é. Léiríonn sé sin an obair atá le déanamh chun clárú a mhéadú agus ar thábhacht cumarsáide soiléire leis an ngrúpa is leithne is féidir de thoghthóirí ionchasacha, trí bhealaí agus fóraim éagsúla. Tá deis shuntasach ann chun líon na dtoghthóirí a mhéadú roimh an gcéad toghchán Seanaid eile.

Scríobh OÉ agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chuig gach duine a bhí cláraithe le vótáil le hOllscoil na hÉireann agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i dtoghcháin an tSeanaid maidir le hathchlárú mar thoghthóirí don thoghlach Ardoideachais nua. As an 112,832 toghthóir OÉ agus 76,019 toghthóir TCD a ndearna na hollscoileanna teagmháil leo, tá 31,286 agus 15,288 faoi seach tar éis athchlárú don toghlach Ardoideachais. Cé go n-aithnímid gur áiríodh i dtoghthóirí OÉ agus TCD toghthóirí nach maireann, agus toghthóirí a bhí incháilithe do thoghcháin an tSeanaid le OÉ agus TCD araon, léiríonn an líon athchlárúchán an obair atá le déanamh ag na hinstitiúidí ainmnithe ar fad chun líon na gclárúchán a mhéadú, cuimsiú a fheabhsú agus, ar deireadh, rannpháirtíocht i dtoghcháin Seanaid a leathnú.

Déanann gach institiúid ainmnithe iarrachtaí chun dul i dteagmháil le toghthóirí ionchasacha trí líonraí alumni agus próisis chéime. Tá leibhéil éagsúla ratha bainte amach acu seo go dtí seo. Mar sin féin, is beag gníomhaíocht atá ann lasmuigh de na líonraí sin chun díriú ar thoghthóirí ionchasacha. Tá deis shuntasach

ann d'institiúidí ainmnithe a bheith níos nuálaí ina gcur chuige agus iarracht chomhbheartaithe, chomhordaithe a dhéanamh chun toghthóirí ionchasacha a chur ar an eolas faoi chritéir incháilitheachta agus faoin bpróiseas clárúcháin.

Ní bhíonn an clárú oscailte do thoghthóirí ionchasacha i rith na bliana. Dúntar an tairseach ar líne do chlárúcháin ón spriocdháta clárúcháin i mí Feabhra go dtí tar éis spriocdháta foilsithe an chláir, an 1 Meitheamh. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhac ar chlárú agus ina dheis chaillte chun clárúcháin céimithe a mhéadú i gcaitheamh na bliana acadúla.

Is iad toghcháin an tSeanaid an t-aon imeacht toghcháin in Éirinn nach mbaineann leas as cláir fhorlíontacha. Is féidir leis sin cás a chruthú ina bhfuil an spriocdháta clárúcháin cuid mhaith míonna sula bhfógraítear toghchán fiú, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar chumas go leor saoránach a gcearta vótála a fheidhmiú. Is ábhartha é sin go háirithe i gcomhthéacs toghcháin a ndéantar neamhaird de go minic agus na céadta míle vótálaithe ar tugadh ceart vótála dóibh le gairid.

Ní bhaineann an tsaoráid atá ann faoi láthair faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* le toghthóirí clárú mar thoghthóirí gan ainm le toghthóirí an tSeanaid. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh drogall ar dhaoine clárú dá mbeadh imní orthu maidir lena n-ainm agus a seoladh a bheith le feiceáil ar an gclár foilsithe (nach gcuirtear ar fáil ach chun críocha toghcháin agus reachtúla).

I gcás daoine nach mian leo, nó nach féidir leo, UPSP a sholáthar agus iad ag clárú, éilítear ar an bhfoirm finnéithe nach mór dóibh siúd a chomhlánú go síneodh ball den Gharda Síochána nó nótaire poiblí í. D'fhéadfadh sé go díspreagfaí toghthóirí incháilithe atá ina gcónaí lasmuigh den Stát clárú mar gheall ar an gcostas agus an mhíchaoithiúlacht a bhaineann le seirbhísí nótaire a úsáid. Mar sin féin, ní mór an costas agus an mhíchaoithiúlacht sin a chothromú i gcoinne an cheanglais chun sláine an chláir a choinneáil.

Tarraingíodh anuas roinnt saincheisteanna maidir leis na critéir incháilitheachta le clárú do thoghcháin an toghlaigh Ardoideachais, go háirithe maidir le cuimsiú an téarma "céim" sa reachtaíocht, nach gcumhdaíonn cáilíochtaí coibhéiseacha. D'fhéadfadh sé sin mothú díbeartha agus mearbhaill a chruthú i measc toghthóirí ionchasacha agus teorainn a chur le toghlach atá cúng cheana féin sa toghlach seo.



© Oireachtas

## Moltaí

Bunaithe ar a thorthaí, déanann an Coimisiún na moltaí seo a leanas:

### Athrú Reachtaíochta

1. Ba cheart don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, mar aon leis an bPríomh-Oifigeach Clárúcháin agus institiúidí ainmnithe, athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta le haghaidh clárúcháin, atá teoranta do chéim faoi láthair. D'fhéadfadh an ceanglas go mbeadh céim ag vótálaí an ceart vótála a bhaint de thoghthóirí a bhfuil cáilíochtaí coibhéiseacha acu, de réir an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí.

2. Ba cheart an reachtaíocht a leasú chun bunú cláir fhorlíontaigh don toghlach Ardoideachais a éascú roimh an gcéad olltoghchán eile don Seanad. Ba cheart don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta dul i gcomhairle leis an bPríomh-Oifigeach Clárúcháin i dtaobh impleachtaí acmhainní féideartha i dtaca le bainistíocht an chláir fhorlíontaigh.

3. Ba cheart don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta smaoineamh ar chlárú toghthóirí gan ainm a éascú don toghlach Ardoideachais, mar a éascaítear do thoghthóirí eile faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, chun iad siúd a bhféadfadh a sábháilteacht a bheith i mbaol dá gcuirfí a n-ainm agus a seoladh ar an gclár foilsithe a chosaint.

4. Ba cheart don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta smaoineamh ar an raon cáipéisí is féidir a úsáid chun saoránacht a fhíorú a leathnú, i gcomhairle leis an bPríomh-Údarás Clárúcháin (CRA). D'fhéadfadh sé seo go mbeadh gá le hathruithe ar fhoirmeacha forordaithe dá bharr sin. Ba cheart na sonraí ar fad a bhaineann le cáipéisí fíoraithe inghlactha a leagan amach go soiléir ar an suíomh gréasáin vótálaíseanad.ie.

## Iomláine

1. Ba cheart do na hinstitiúidí ainmnithe agus don Údarás Clárúcháin Lárnach (CRA) a bheith níos nuálaí agus níos fairsinge ina ngníomhaíochtaí cumarsáide agus é mar aidhm acu dul i ngleic leis an oiread toghthóirí incháilithe agus is féidir. Ba cheart go mbeadh na hiarrachtaí comhoibríoch, pleanáilte agus comhordaithe agus ba cheart go mbeadh fóraim iomadúla i gceist leo chun an rannpháirtíocht le hiarmhic léinn agus le céimithe nua a mhéadú a oiread agus is féidir roimh an gcéad toghchán Seanaid eile.

2. I bhfianaise go bhfuil toghthóirí incháilithe ar fud na cruinne, ba cheart don Roinn Gnóthaí Eachtracha dul i gcomhairle leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun tacú le hiarrachtaí an Phríomh-Údaráis Clárúcháin (CRA) chun dul i ngleic go héifeachtach agus go rialta le toghthóirí incháilithe atá ina gcónaí thar lear.

3. Ba cheart do gach institiúid ainmnithe faisnéis faoi chritéir incháilitheachta, clárú agus nasc chuig vótálaíseanad.ie a chur go feiceálach ar a suíomhanna gréasáin.

4. Ba cheart don CRA líonra de na hinstitiúidí ainmnithe a bhunú agus a éascú chun faisnéis a roinnt faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide agus rannpháirtíochta atá ar bun acu agus chun comhoibriú orthu sin nuair is cuí. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhuntáiste ar leith d'institiúidí ainmnithe atá nua sa phróiseas toghcháin.

## Próiseas

1. Ba cheart go mbeadh toghthóirí ionchasacha in ann iarratas a chur isteach chun clárú don toghlach Ardoideachais tríd an tairseach iarratas ar vótálaíseanad.ie agus tríd an bhfoirm pháipéir a úsáid ag am ar bith den bhliain. Ba cheart go mbeadh faisnéis shoiléir ar fáil ar an suíomh gréasáin vótálaíseanad.ie maidir le hamlínte clárúcháin agus próiseála.

2. Ba cheart don Phríomh-Údarás Clárúcháin (CRA) a phróiseas clárúcháin a fheabhsú chun an fhéidearthacht go gcuirfeadh iarratasóirí faisnéis mhícheart isteach a íoslaghdú agus roghchláir anuas a úsáid a mheas chun cosc a chur le cásanna ina gcuirtear ainmneacha cúrsaí agus blianta míchearta isteach.

## An Réamhrá

Foráladh in *Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 1937* go mbeadh triúr seanadóirí le toghadh ag céimithe Ollscoil na hÉireann (OÉ), agus triúr ag céimithe Ollscoil Bhaile Átha Cliath (TCD).

Chun go bhféadfadh an tOireachtas dlíthe a achtú chun foráil a dhéanamh maidir le toghlach na n-ollscoileanna a leathnú chuig institiúidí ardoideachais seachas OÉ nó TCD, in 1979, d'aontaigh 92.4% den vótáil bhailí leis an Seachtú Leasú ar an mBunreacht trí reifreann[2].

Achtaíodh an leathnú sin ar an gceart vótála lasmuigh de TCD agus OÉ ina dhlí le h*Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024* – beagnach 46 bliain tar éis an Seachtú Leasú a cheadú. Tagraíodh do chur i bhfeidhm iomlán *Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile), 2024* i gClár an Rialtais 2025[3].

Lean an reachtaíocht leasaithe breithiúnas tábhachtach a thug an Chúirt Uachtarach i gcás a thug céimí de chuid Ollscoil Luimnigh, Tomás Heneghan, a d'iarr síneadh a chur le cearta vótála i dtoghcháin ollscoile an tSeanaid do chéimithe institiúidí tríú leibhéal seachas Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na hÉireann.

Chinn an Chúirt Uachtarach gur cheangail an t-alt nua den Bhunreacht a tháinig i ndiaidh an reifrinn in 1979 ar an Oireachtas reachtaíocht a achtú chun an ceart vótála do rolla ollscoile an tSeanaid a leathnú. Mheas an Chúirt gur ghá don Oireachtas a chinntiú go mbeadh céimithe ó ollscoileanna seachas OÉ agus TCD san áireamh sa toghlach sin. Chinn an Chúirt gur faoin Oireachtas a bhí sé cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a ndéanfaí é sin, agus an cion a leithdháilfí ar na suíocháin ábhartha. Ní raibh an leasú a lean as an reifreann féin-fhorghníomhaithe.

Agus an Chúirt aireach ar na himpleachtaí a bheadh ann do chomhdhéanamh an Oireachtais dá ndéanfadh sí dearbhú láithreach míbhunreachtúil, chuir sí a horduithe dearbhaithe ar fionraí chun cosc a chur ar "anord bunreachtúil" mar a thug sí air, agus chun go rithfí reachtaíocht go hoscailte.

### Na príomh-athchóirithe a tugadh isteach le *hAcht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024*

- **Toghlach Ardoideachais nua:** Bunaíonn an tAcht toghlach Ardoideachais nua ina bhfuil sé shuíochán chun comhaltaí ollscoile a thoghadh chuig Seanad Éireann in ionad an dá thoghlach ollscoile ina bhfuil trí shuíochán – Ollscoil Bhaile Átha Cliath (TCD) agus Ollscoil na hÉireann (OÉ).

- **Ceart vótála leathnaithe:** Leathnaítear an ceart vótála chun seisear comhaltaí ollscoile Sheanad Éireann a thoghadh chun iad siúd a bhfuil céim bronnta orthu ó institiúid ardoideachais, mar atá ainmnithe faoi Alt 53 den *Acht um Ardoideachas, 2022*[4] nó le hOrdú ón Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta faoi Alt 54 d'Acht 2022. Tá vóta amháin ag gach toghthóir. Tugtar liosta iomlán d'institiúidí ainmnithe agus d'institiúidí reatha, cleamhnaithe agus stairiúla in Aguisín 1.

- **Bunú Príomh-Údaráis Clárúcháin (CRA):** Ainmnítear OÉ mar an Príomh-Údarás Clárúcháin (CRA) agus ceapann sí Príomh-Oifigeach Clárúcháin, an Dr Patrick O'Leary, Cláraitheoir OÉ, faoi láthair. Tá an CRA freagrach as clár foriomlán na dtoghthóirí a bhainistiú agus a chothabháil don toghlach nua. Tá Oifigeach Clárúcháin ag gach institiúid ainmnithe chun cabhrú leis an bPríomh-Oifigeach Clárúcháin le próiseáil na n-iarratas ar chlárúchán.

- **Bainistíocht ar chlár na dtoghthóirí:** Foráiltear san Acht don phróiseas clárúcháin do thoghthóirí agus do dhréachtú agus foilsiú an chéad chláir toghthóirí.

Leagtar síos san Acht go mbeadh an chéad chlár toghthóirí don toghlach Ardoideachais nua le foilsiú an 1 Aibreán 2025, agus go mbeadh an 23 Eanáir 2025 mar spriocdháta le haghaidh clárúcháin. Ceanglaítear clár a fhoilsiú faoin 1 Meitheamh gach bliain tar éis spriocdháta clárúcháin an 26 Feabhra den bhliain chéanna.

D'oibrigh an Príomh-Oifigeach Clárúcháin, an CRA, institiúidí ainmnithe agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta lena chinntiú go gcuirfí na háiseanna teicniúla i bhfeidhm chun iarratais ar an gclár toghthóirí nua a chumasú laistigh den tréimhse riachtanach. Anuas air sin, forbraíodh acmhainní cumarsáide chun teachtaireachtaí faoi na hathruithe ar vótáil ollscoile a chur chun cinn. Rinneadh an obair seo agus ullmhúcháin ar siúl ag OÉ agus TCD ag an am céanna d'Olltoghchán an tSeanaid in 2025.

Leagtar amach in Acht 2024 freisin feidhmeanna an Choimisiúin Toghcháin i dtaobh chlár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais. Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur i dtoll a chéile gach re bliain ina dtugtar measúnú ar an gcaoi a gcoinnítear clár na dtoghthóirí, chomh maith le haon mholtaí a mheasann an Coimisiún Toghcháin a bheith riachtanach chun sláine an chláir agus an phróisis clárúcháin a chothabháil nó a fheabhsú.

## Ról an Choimisiúin Toghcháin

Faoi Alt 26(1) d'*Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024*, tugtar feidhmeanna don Choimisiún Toghcháin chun taighde a dhéanamh i dtaobh chlár na dtoghthóirí ar nós:

- cruinneas agus iomláine chlár na dtoghthóirí,
- na gníomhaíochtaí a dhéanann institiúidí ainmnithe chun a chinntiú go gcuirtear gach duine atá i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóirí ar chlár na dtoghthóirí ar an eolas faoina gceart chun clárú agus faoin bpróiseas chun é sin a dhéanamh,
- na nósanna imeachta a bhaineann leis an bpróiseáil agus an bainistiú faisnéise a dhéanann an príomh-údarás clárúcháin,
- aon ní eile a bhaineann leis an toghlach Ardoideachais a mheasann an Coimisiún Toghcháin a bheith ábhartha dá fheidhmeanna.

Faoi Alt 26(4) den Acht, féadfaidh a Coimisiún Toghcháin:

- moltaí a dhéanamh don Phríomh-Oifigeach Clárúcháin maidir le cothabháil agus úsáid an chláir,
- caighdeáin a leagan síos don Phríomh-Údarás Clárúcháin (CRA) i dtaobh chlár na dtoghthóirí, agus
- moltaí a dhéanamh don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir leis na nósanna imeachta chun a éileamh go bhfuiltear i dteideal clárú ar chlár na

dtoghthóirí agus an reachtaíocht a bhaineann leis na nósanna imeachta sin.

Caithfidh an Príomh-Oifigeach Clárúcháin tuairisciú go bliantúil don Choimisiún maidir leis an gclár agus comhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi Chuid 2 den Acht agus, arna iarraidh sin, faisnéis a sholáthar faoi bhunachair sonraí a bhunaítear chun a chur ar a chumas dó a fheidhmeanna clárúcháin toghcháin a chomhlíonadh.

**Tá rannóga sa tuarascáil seo ina dtaobh seo a leanas:**

- Raon, Cúlra agus Modheolaíocht
- Róil agus Freagrachtaí
- Bunú Chlár na dToghthóirí don toghlach Ardoideachais
- Toghthóirí an Toghlaigh Ardoideachais – An Cás faoi Láthair
- Cruinneas Chlár an toghlaigh Ardoideachais
- Iomláine Chlár an toghlaigh Ardoideachais



© Oireachtas

# 3. Raon, Cúlra agus Modheolaíocht

## Raon agus Modheolaíocht na Tuarascála

Leagtar síos in Airteagal 18 de Bhunreacht na hÉireann[5] go mbeidh seasca seanadóir san iomlán i Seanad Éireann. Foráiltear sa Bhunreacht go dtoghtar nó go gceaptar seanadóirí ar cheann de na trí bhealach seo a leanas:

1. Tofa ag ollscoileanna (seisear Seanadóirí)

2. Tofa ar rolla gairme (43 Seanadóir)

3. Ainmnithe ag an Taoiseach (11 Seanadóir)

Dírítear sa tuarascáil seo ar an gcéad cheann de na catagóirí sin. Is í seo an chéad tuarascáil ón gCoimisiún Toghcháin ar chlár na dtoghthóirí do thoghlach Ardoideachais nua an tSeanaid, ar cuireadh reachtaíocht i bhfeidhm dó in *Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024*. Foilseofar tuarascálacha ina dhiaidh sin gach re bliain[6].

Clúdaítear sa tuarascáil seo tréimhse athraithe shuntasaigh ó achtú Acht 2024 go foilsiú an dara clár toghthóirí don toghlach Ardoideachais i mí an Mheithimh 2026. Breithnítear ann an obair a rinne príomhpháirtithe leasmhara – an Príomh-Oifigeach Clárúcháin, an Príomh-Údarás Clárúcháin (CRA), institiúidí ainmnithe agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn) – i mbunú, bainistiú agus cur chun cinn an chláir. Déantar measúnú sa tuarascáil freisin ar chruinneas agus iomláine an chláir. Cuireann an Coimisiún roinnt moltaí chun cinn chun tacú le cruinneas, iomláine agus bainistíocht chlár na dtoghthóirí.

Sholáthair an CRA, institiúidí ainmnithe agus an Roinn an fhaisnéis atá sa tuarascáil seo trí fhreagraí suirbhé, fiosrúcháin ríomhphoist agus cruinnithe. Tá cóip de na suirbhéanna a eisíodh chuig an CRA agus institiúidí ainmnithe in Aguisín 2.

# 4. Róil agus Freagrachtaí

Leagtar amach in Acht 2024 na socruithe agus na struchtúir rialachais chun clár an toghlaigh Ardoideachais a bhunú agus a chothabháil. Foráiltear ann do bhunú Príomh-Údaráis Clárúcháin (CRA) nua agus Príomh-Oifigeach Clárúcháin chun an t-údarás a threorú i mbainistiú agus i gcothabháil chlár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais nua. Is é feidhm an CRA clár na dtoghthóirí a ullmhú agus a athbhreithniú go bliantúil de réir na rialacha clárúcháin. Ceapann gach institiúid ardoideachais ainmnithe a hOifigeach Clárúcháin féin chun cabhrú leis an bPríomh-Oifigeach Clárúcháin ina ról. Tacaíonn Oifigigh Chlárúcháin le hobair an CRA trí fhaisnéis a sholáthar chun éilimh ar áireamh i gclár na dtoghthóirí a fhíorú.

## An Príomh-Údarás Clárúcháin (CRA) & an Príomh-Oifigeach Clárúcháin

- Faoi Acht 2024, is é comhlacht rialaithe OÉ an CRA don toghlach Ardoideachais.
- Is é príomhchuspóir an CRA clár na dtoghthóirí a chruthú agus a chothabháil don toghlach Ardoideachais. Toghann an toghlach sin seisear Seanadóirí do Sheanad Éireann.
- Is é an Dr Patrick O’Leary, Cláraitheoir Ollscoil na hÉireann, an Príomh-Oifigeach Clárúcháin reatha, a cheap an CRA.
- Tá sé de dhualgas ar an bPríomh-Oifigeach Clárúcháin clár na dtoghthóirí a ullmhú agus é a athbhreithniú go bliantúil de réir an Achta.

## VótálaíSeanad.ie

- Bíonn an fhoireann in OÉ a chomhlíonann feidhmeanna an CRA ag feidhmiú faoin ainm VótálaíSeanad.ie.
- D'fhorbair agus bhainistigh foireann VótálaíSeanad.ie an córas inar féidir iarratais a chur isteach agus a fhíorú chun clár na dtoghthóirí a chur i dtoll a chéile.
- Cuireadh de chúram ar an bhfoireann córais agus próisis a bhunú chun an chéad chlár don toghlach Ardoideachais a éascú. Leanann VótálaíSeanad.ie de bheith ag forbairt agus ag feabhsú an phróisis clárúcháin atá ann cheana féin agus béim láidir á leagan ag an am céanna ar rannpháirtíocht le hOifigigh Chlárúcháin agus ar bheartais agus nósanna imeachta a chur ar bhonn foirmiúil chun tacú le feidhmeanna an CRA san fhadtéarma.

## Institiúidí Ainmnithe

- Caithfidh vótálaithe an tSeanaid céim a bheith faighte acu ó institiúid ainmnithe, mar a shainmhínítear faoi *Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022*.
- Caithfidh gach institiúid ainmnithe Oifigeach Clárúcháin a cheapadh, a chabhraíonn leis an bPríomh-Oifigeach Clárúcháin lena ndualgais a chomhlíonadh.
- Fíoraíonn institiúidí ainmnithe cáilíochtaí iarratasóirí ar an gclár agus déanann siad gníomhaíochtaí chun clárú a chur chun cinn.

- De ghnáth, cuirtear feidhmeanna an Oifigigh Clárúcháin san áireamh i ról atá ann cheana féin, cláraitheoir acadúil, bainistíocht alumni nó gnóthaí acadúla, mar shampla.
- Leagtar amach na hinstitiúidí ainmnithe sa bhosca thíos. Tá liosta iomlán d'institiúidí ainmnithe agus d'institiúidí reatha, cleamhnaithe agus stairiúla in Aguisín 1.

## An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

- Freagrach as an dlí toghcháin, *Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024* ina measc.
- Thug an Roinn faoi obair ullmhúcháin shuntasach chun measúnú a dhéanamh ar an obair a bhain le clár na dtoghthóirí a bhunú don toghlach Ardoideachais nua agus thacaigh sí leis an CRA agus leis na hinstitiúidí ainmnithe ar feadh an phróisis sin.
- Cuireann an Roinn tacaíochtaí airgeadais agus tacaíochtaí eile ar fáil go leanúnach.
- Is príomhpháirtí leasmhar lárnach í an Roinn i bhforbairt leanúnach an phróisis clárúcháin ar VótálaíSeanad.ie.

### Institiúidí ainmnithe

1. **An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD) (Roimh 2000)**
2. **Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD)**
3. **Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn (RCSI) (Roimh 1977)**
4. **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT)**
5. **Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT)**
6. **Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC)**
7. **Ollscoil Luimnigh (UL)**
8. **Ollscoil na hÉireann (OÉ)*, lena n-áirítear**
   - An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD)
   - An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC)
   - Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC)
   - Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn (RCSI)
   - Ollscoil Mhá Nuad
   - Ollscoil na Gaillimhe
9. **Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA)**
10. **Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU)**
11. **Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TUD)**
12. **Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU)**
13. **Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir (TUS)**

* Fíoraíonn OÉ cáilíochtaí do gach institiúid faoi scáth OÉ. Fíoraíonn NCAD agus RCSI cáilíochtaí a bronnadh sular aithníodh iad mar choláistí OÉ

# 5. Bunú Chlár na dToghthóirí don Toghlach Ardoideachais

**Na Príomh-Amlínte d'fhorbairt an chéad chláir don toghlach Ardoideachais:**

**Iúil 1979**

- Faomhadh an 7ú Leasú ar an mBunreacht, lena leasaítear Airt. 18.4.2 chun an toghlach atá i dteideal vótála i dtoghcháin do rollaí Ollscoile Sheanad Éireann a leathnú.

**Iúil 2023**

- Chinn an Chúirt Uachtarach go raibh oibleagáid ar an Oireachtas reachtaíocht a dhéanamh chun an ceart vótála do rollaí ollscoile Sheanad Éireann a leathnú.

**Bealtaine 2024**

- Seoladh an phróisis comhairliúcháin phoiblí ar Scéim Ghinearálta *Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024*

**Iúil 2024**

- Ceadú OÉ i bprionsabal mar an Príomh-Údarás Clárúcháin (CRA) do chlár nua na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais

**Deireadh Fómhair 2024**

- Síniú *Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024* ina dhlí
- Ceapachán CRA agus Príomh-Oifigeach Clárúcháin
- Tús le forbairt na bpróiseas clárúcháin vótálaithe ag páirtithe leasmhara

**Nollaig 2024**

- 17 Nollaig: Oscailt iarratas ar chlár nua an toghlaigh Ardoideachais
- Seoladh litreacha ó OÉ agus TCD chuig na toghthóirí uile ar chláir na n-institiúidí sin faoin toghlach Ardoideachais
- 30 Nollaig: Eisiúint páipéar ballóide d'olltoghchán an tSeanaid (toghthóirí TCD agus OÉ amháin)
- Foireann VótálaíSeanad.ie bunaithe ina hiomláine

**Eanáir 2025**

- 23 Eanáir: An spriocdháta d'iarratais ar chlár an toghlaigh Ardoideachais
- 29 Eanáir: Dúnadh na vótála, olltoghchán an tSeanaid (toghthóirí OÉ agus TCD amháin)

**Aibreán 2025**

- 1 Aibreán: Tháirg an Príomh-Oifigeach Clárúcháin an chéad chlár don toghlach Ardoideachais – 62,775 toghthóir

Ceanglaíodh faoi Acht 2024 go bhfoilseofaí an chéad chlár toghthóirí don toghlach Ardoideachais agus go dtiocfadh sé i bhfeidhm ar an 1 Aibreán 2025, tar éis spriocdháta na n-iarratas ar an 23 Eanáir 2025.

D'ullmhaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le haghaidh chur i bhfeidhm chinneadh na Cúirte Uachtaraí i rith 2024–2025, lena n-áirítear:

- Sócmhainní cumarsáide a fhorbairt agus a roinnt chun soiléireacht agus comhsheasmhacht a fheabhsú maidir le feasacht a mhúscailt faoin toghlach nua i measc céimithe incháilithe.
- Feachtas cumarsáide sna meáin náisiúnta trí chainéil éagsúla chlóite, shóisialta, dhigiteacha agus raidió.
- Próisis a chur i bhfeidhm le go bhféadfaidh institiúidí ainmnithe na costais riachtanacha agus réasúnta go léir a thabhaítear a éileamh, lena n-áirítear costais i leith foirne nua agus ceapachán Oifigeach Clárúcháin, acmhainní breise, feabhsuithe ar chórais theicniúla chun sonraí a bhailiú, aisghabháil comhad ó stóras agus costais a thabhaítear i dteagmháil le alumni (mar a fhoráiltear faoi Alt 20 d'Acht 2024). Ba é €223,260 an méid iomlán maoinithe a éilíodh idir 2024 agus 2025.
- Comhroinnt faisnéise faoi ghníomhaíochtaí atá ar bun a éascú idir institiúidí ainmnithe.
- Cruinnithe duine le duine a reáchtáil le hinstitiúidí agus le hOifigigh Chlárúcháin nuacheaptha nuair is gá.

Bhunaigh foireann VótálaíSeanad.ie an CRA córas ar líne trína ndéantar iarratais, fíoruithe agus táirgeadh an chláir. Bhí an fhoireann freagrach freisin as forbairt próiseas le haghaidh clárúcháin ar líne agus tríd an bpost araon agus bunú tairsí fíoraithe d'úsáideoirí institiúidí ainmnithe chun logáil isteach agus cáilíochtaí iarratasóirí a fhíorú.

## Gníomhaíochtaí cumarsáide chun an clár a chur chun cinn

Bhí an próiseas iarratais don chéad chlár oscailte ón 17 Nollaig 2024 go dtí an 23 Eanáir 2025. Chomhoibrigh foireann VótálaíSeanad.ie leis an Roinn, le foireann inmheánach Cumarsáide OÉ, agus leis na hOifigigh Chlárúcháin sna hinstitiúidí ainmnithe chun faisnéis a fhorbairt agus a roinnt leis an bpobal. Rinne an Roinn feachtas náisiúnta a tháirgeadh agus a sheoladh, a mhair ar feadh trí seachtaine suas go dtí an 23 Eanáir 2025. Bhí fógraíocht ar líne, i nuachtáin agus ar an raidió i gceist leis an bhfeachtas sin. Sheol Oifigí Alumni sna hinstitiúidí ainmnithe ríomhphoist chuig a líonraí alumni, agus chuir na hinstitiúidí in iúl go raibh méadú ar líon na n-iarratas dá bharr sin.

Chun toghthóirí nua agus toghthóirí a í ar chláir OÉ agus TCD cheana féin a aimsiú, d'fhorbair VótálaíSeanad.ie láithreacht ar líne ar Twitter/X, Facebook, Instagram agus LinkedIn. Baineadh úsáid as na hardáin sin chun ábhar bunaidh agus na hábhair a tháirg an Roinn a roinnt.

Ba é an 23 Eanáir 2025 an spriocdháta chun iarratais a dhéanamh ar chlár toghthóirí 2025 don toghlach Ardoideachais. Ba é an 29 Eanáir 2025 deireadh na vótála do thoghcháin ollscoile an tSeanaid ina raibh céimithe OÉ agus TCD i dteideal vótála. Toisc go raibh an feachtas clárúcháin do chlár an toghlaigh Ardoideachais nua ar siúl ag an am céanna le hOlltoghchán an tSeanaid in 2025, cruthaíodh dúshlán cumarsáide toisc nár fhág clárú don toghlach nua go raibh céimí i dteideal vóta a chaitheamh sa toghchán a bhí ar bun.

## Táirgeadh an chláir

Cuireadh clár toghthóirí 2025 do thoghlach Ardoideachais Sheanad Éireann i dtoll a chéile ar an 1 Aibreán 2025. Phróiseáil foireann VótálaíSeanad.ie iarratais ón 18 Nollaig 2024 go dtí deireadh mhí an

Mhárta 2025. Ba é an 23 Eanáir 2025 an spriocdháta chun iarratais a dhéanamh ar chlár toghthóirí 2025 don toghlach Ardoideachais. Cuireadh an chéad chlár toghthóirí don toghlach Ardoideachais i dtoll a chéile ar an 1 Aibreán 2025. Bhí 62,775 toghthóir ar an gclár, agus ba chéimithe OÉ nó TCD 55,070 díobh. Tháinig 9,851 iarratas ó chéimithe ó institiúidí seachas OÉ agus TCD. Ós rud é gur féidir le hiarratasóirí suas le dhá cháilíocht a liostáil ar a n-iarratas, féadfar iad a áireamh sna figiúirí do níos mó ná institiúid amháin. Mar sin féin, níl ach vóta amháin ag toghthóirí i dtoghcháin an tSeanaid. Tá sonraí faoin líon daoine atá ar an gclár de réir institiúid ainmnithe, chomh maith le faisnéis faoi phróifíl aoise na dtoghthóirí, ar fáil i Roinn 7, Toghthóirí an Toghlaigh Ardoideachais 2025–2026.

Déantar an clár a tháirgeadh mar scarbhileog leictreonach, ar féidir le duine ar bith ar mian leo an gclár a úsáid chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile a cheannach ar tháille fhorordaithe €100. Tugtar céadainmneacha, sloinnte, seoltaí reatha, agus seoltaí páipéir ballóide na vótálaithe cláraithe sa toghlach Ardoideachais ar an gclár. Ní thugtar uimhreacha PSP, sonraí cáilíochta, ná dátaí breithe. Foilsíodh fógra faoi tháirgeadh an chláir ar nui.ie.

Aon duine a úsáideann an clár nó a cheadaíonn é a úsáid ar chúiseanna seachas na cúiseanna dá bhforáiltear sa reachtaíocht, beidh siad ciontach i gcion agus beidh siad faoi dhliteanas fíneáil agus/nó príosúnacht a ghearradh orthu.

Níl aon fhoráil faoin reachtaíocht do thoghthóirí an toghlaigh Ardoideachais clárú mar thoghthóirí gan ainm. Ní thagann sé sin leis an mbeartas reatha maidir le toghthóirí in imeachtaí toghcháin eile, atá i dteideal clárú mar thoghthóirí gan ainm faoi fhorálacha san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*[7].

**Moladh**

Ba cheart don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta smaoineamh ar chlárú toghthóirí gan ainm a éascú don toghlach Ardoideachais, mar a éascaítear do thoghthóirí eile faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, chun iad siúd a bhféadfadh a sábháilteacht a bheith i mbaol dá gcuirfí a n-ainm agus a seoladh ar an gclár foilsithe a chosaint.

## Sruthanna iarratas – iarratasóirí nua agus iar-thoghthóirí

Bhí dhá shruth iarratas ann don chéad chlár don toghlach Ardoideachais – iarratasóirí nua agus iarratasóirí a bhí cláraithe roimhe seo do chláir OÉ agus/nó TCD.

### Iarratasóirí nua

D'fhéadfadh iarratasóir nua iarratas a dhéanamh ar líne nó trí fhoirm chruachóipe a úsáid. Bhí orthu cruthúnas céannachta (a nUimhir PSP nó Foirm Finné sínithe) agus cruthúnas saoránachta (cóip dá bpas bailí, teastas eadóirseachta, teastas breithe, nó dearbhú reachtúil) a sholáthar. Rinne foireann VótálaíSeanad.ie seiceáil ar an iarratas ar dtús. Má fuarthas amach go raibh an t-iarratas i gceart, sheol VótálaíSeanad.ie leagan giorraithe den iarratas chuig tairseach na hinstitiúide ainmnithe ábhartha chun an cháilíocht a cuireadh i láthair a fhíorú. Má d'fhíoraigh an institiúid ainmnithe an cháilíocht, chuir foireann VótálaíSeanad.ie an t-iarratasóir leis an gclár.

### Iarratasóirí a bhí ar chlár ollscoile roimhe seo

D'fhéadfadh iarratasóir a bhí ar chlár thoghlach ollscoile OÉ agus/nó TCD roimhe seo iarratas a dhéanamh trí phróiseas níos simplí. I mí na Nollag 2024, sheol OÉ agus

TCD litreacha chuig na toghthóirí uile ar a gcláir, a foilsíodh an 1 Meitheamh 2024. Bhí 112,832 toghthóir ar chlár OÉ, agus 76,019 ar chlár TCD. Tugadh uimhir thagartha ar leith do na hiarratasóirí sin le húsáid agus iad ag clárú don toghlach nua. Seoladh dhá litir chuig toghthóirí a bhí ar chláir OÉ agus TCD araon, rud a d'fhág gur chuir cuid acu níos mó ná iarratas amháin isteach. Rinne VótálaíSeanad.ie an cheist seo a bhainistiú trí shonraí iarratasóirí a chros-seiceáil lena chinntiú nach raibh aon iontrálacha dúblacha ar an gclár.

D'fhéadfadh iarratasóirí suas le dhá uimhir thagartha uathúla nó suas le dhá cháilíocht a thabhairt ina n-iarratas. I gcás chéimithe na n-institiúidí ainmnithe uile, mhéadaigh sé sin an seans go mbeadh a n-institiúid(í) in ann ceann amháin ar a laghad dá gcéimeanna a aimsiú agus a fhíorú.

## Toghthóirí do chorrthoghchán Seanaid féideartha

Dá bhfágfadh aon duine den seisear seanadóirí a toghadh ó rollaí OÉ agus TCD i dtoghchán 2025 a suíochán roimh an gcéad olltoghchán eile don Seanad, theastódh corrthoghchán. I gcás dá leithéid, chun an suíochán folamh a líonadh, tharraingeofaí an toghlacht ó thoghthóirí atá cláraithe mar chéimithe OÉ nó TCD ar chlár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais nua, toisc nach bhfuil cláir OÉ agus TCD a úsáideadh d'Olltoghchán an tSeanaid in 2025 i bhfeidhm a thuilleadh.

Nuair a bhí iarratasóirí ag clárú don toghlach Ardoideachais nua, iarradh orthu ar mhaith leo a bheith ar an gclár le haghaidh aon chorrthoghchán a d'fhéadfadh tarlú idir sin agus an chéad olltoghchán eile don Seanad. Má chuir an t-iarratasóir tic sa bhosca sin, agus más céimí den ollscoil ábhartha iad, tá siad i dteideal vóta a chaitheamh má tharlaíonn corrthoghchán mar sin. Mar shampla, dá bhfágfadh duine den triúr seanadóirí a toghadh ó rolla OÉ a suíochán roimh an gcéad olltoghchán eile don Seanad agus go ngairfí corrthoghchán, bheadh céimithe OÉ ar chlár an toghlaigh Ardoideachais a roghnaigh a bheith ar an gclár corrthoghcháin sa toghlacht.

## Forbairt an dara clár don toghlach Ardoideachais, 2025–2026

Osclaíonn an próiseas iarratais don toghlach Ardoideachais gach bliain i ndiaidh fhoilsiú chlár na bliana roimhe sin. Is é an 26 Feabhra mar spriocdháta bliantúil, agus déantar an clár nua á fhoilsiú ar an 1 Meitheamh sa bhliain chéanna. Osclaíodh iarratais ar an dara clár don toghlach Ardoideachais ar an 23 Bealtaine 2025 i ndiaidh fhoilsiú an chéad chláir. Leagtar amach thíos sonraí faoi na hamlínte le haghaidh tháirgeadh chláir 2026, agus clár amach anseo, mar a fhoráiltear in *Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024*.



| Dáta | An próiseas chun clár 2026 a chur i dtoll a chéile |
|---|---|
| **29 Eanáir** | Chuir CRA liosta toghthóirí i dtoll a chéile go hinmheánach. Áirítear leo sin:<br>• Liosta A: Gach duine ar an gclár reatha.<br>• Liosta B: Iarratasóirí a chuir isteach foirm éilimh agus a mheasann an Príomh-Oifigeach Clárúcháin go bhfuil siad cáilithe le bheith cláraithe ach nach bhfuil a n-ainmneacha ar Liosta A (.i. daoine a rinne iarratas agus a measadh a bheith incháilithe sa tréimhse eatramhach idir foilsiú clár).<br>• Liosta C: Liosta de dhaoine atá cláraithe ar Liosta A nach cosúil go bhfuil siad i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóirí a thuilleadh (m.sh. toghthóirí nach maireann). |
| **26 Feabhra** | Spriocdháta na n-iarratas. |
| **12 Márta** | Caithfear liosta na n-éileamh a chur i dtoll a chéile faoin 12 Márta. Seo liosta d’iarratasóirí a chuir iarratais isteach faoin 26 Feabhra nach bhfuil ar an gclár cheana féin. |
| **26 Márta** | Spriocdháta chun agóidí i gcoinne iontrála ar chlár na ndaoine atá ar an gclár nó ar liosta na n-éileamh a chur faoi bhráid an Phríomh-Oifigigh Clárúcháin lena mbreithniú. |
| **1 Meitheamh** | Táirgeadh chlár na dtoghthóirí. |

## An Próiseas Agóide

Féadfaidh daoine atá ar chlár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais nó aon Oifigeach Clárúcháin in institiúid ainmnithe agóidí a dhéanamh i gcoinne iontráil aon duine ar chlár na dtoghthóirí nó ar liosta na n-éileamh. Féadfaidh an Príomh-Oifigeach Clárúcháin agóid a dhéanamh i gcoinne éileamh a luaitear ar liosta na n-éileamh freisin.

I measc na gcásanna inar féidir agóid a dhéanamh tá cás ina bhféadfadh iarratasóir a bheith curtha leis an gclár tar éis bailíochtú mícheart a fháil ar a gcáilíocht.

Déantar agóidí trí chomhlánú agus cur isteach na foirme *SVO2: Foirm fógra agóide i leith iontráil ar Liosta na dToghthóirí nó Liosta na nÉileamh don toghlach Ardoideachais*. Is é an 26 Márta an dáta deiridh chun agóidí a fháil gach bliain.

Ní mór don agóideoir cóip den agóid a sheoladh chuig an bPríomh-Oifigeach Clárúcháin. Ní mór don agóideoir cóip den agóid a sheoladh chuig an duine is ábhar don agóid leis an bpost cláraithe freisin.

Déanann foireann VótálaíSeanad.ie iniúchadh ar fhoras an agóide tríd an éileamh a scrúdú, teagmháil a dhéanamh leis an éilitheoir/toghthóir, fianaise bhreise a lorg, agus aon cháilíochtaí atá faoi agóid a dheimhniú leis an institiúid ainmnithe ábhartha. Rialaíonn an Príomh-Oifigeach Clárúcháin ar an agóid tar éis an agóid agus moladh fhoireann VótálaíSeanad.ie a bhreithniú.

Ní dhearnadh aon agóidí faoi chlár 2025. Rinneadh sé agóid i gcoinne iontrálacha ar chlár 2026, agus thóg an tOifigeach Clárúcháin d'Ollscoil na hÉireann iad uile de bhun seiceálacha cáilíochta a rinne foireann VótálaíSeanad.ie agus a cuireadh in iúl do na hinstitiúidí ábhartha. Bhí dioplómaí, dioplómaí ardleibhéil, dioplómaí iarchéime, agus dioplómaí náisiúnta curtha i láthair ag iarratasóirí a bhí marcáilte mar fhíoraithe ar dtús; diúltaíodh dóibh tar éis athbhreithniú, áfach. Is seiceáil thábhachtach í seo chun a chinntiú go bhfuil sonraí an chláir ceart agus nach bhfuil ach toghthóirí incháilithe cláraithe.

## Fadhbanna leis an bpróiseas iarratais

Is féidir le toghthóirí athruithe ar a gcuid sonraí a chur isteach tríd an tairseach iarratas ar vótálaíseanad.ie nó tríd an bhfoirm pháipéir. Ach ní féidir iarratas a chur isteach chun clárú don toghlach Ardoideachais, ná foirm a íoslódáil chun iarratas a dhéanamh ar chlárú, idir an dáta deiridh iarratais ar an 26 Feabhra agus athoscailt an chlárúcháin tar éis a fhoilsithe ar an 1 Meitheamh. In 2026, níor sonraíodh an dáta ar a raibh an clárú le hathoscailt ar thairseach iarratais vótálaíseanad.ie sa tréimhse ón 26 Feabhra 2026 go dtí gur athosclaíodh é ar an 16 Meitheamh 2026. Tá VótálaíSeanad.ie tar éis a chur in iúl go soláthraíonn an tréimhse dúnta an t-am riachtanach chun nuashonruithe riachtanacha córais nach féidir a dhéanamh le linn na hoibríochta beo a shuiteáil agus a thástáil.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh próisis toghcháin soiléir agus go ndéanfaí iad a dhearadh agus áisiúlacht an toghthóra san áireamh. Ar a laghad, ba cheart go mbeadh faisnéis shoiléir maidir le hamlínte clárúcháin ar shuíomh gréasáin vótálaíseanad.ie, lena n-áirítear an dáta a n-osclófar clárúcháin arís. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh an tsaoráid ag toghthóirí ionchasacha iarratas a chur isteach chun clárú tráth ar bith, mar atá i gcás clárúcháin in imeachtaí toghcháin eile, agus ní hamháin idir Meitheamh agus Feabhra gach bliain. Cé go bhféadfadh na próisis atá i bhfeidhm faoi láthair a bheith praiticiúil ó thaobh riaracháin de, d'fhéadfaidís a bheith ina mbac ar chlárú vótálaithe ag am nuair ba cheart tosaíocht a thabhairt do chuimsiú vótálaithe ó gach institiúid ainmnithe a bharrfheabhsú.

**Moladh**

Ba cheart go mbeadh toghthóirí ionchasacha in ann iarratas a chur isteach chun clárú don toghlach Ardoideachais tríd an tairseach iarratas ar vótálaíseanad.ie agus tríd an bhfoirm pháipéir a úsáid ag am ar bith den bhliain. Ba cheart go mbeadh faisnéis shoiléir ar fáil ar an suíomh gréasáin vótálaíseanad.ie maidir le hamlínte clárúcháin agus próiseála.

## Soláthar UPSP

I gcásanna nach féidir le hiarratasóir uimhir PSP a sholáthar mar fhianaise ar a gcéannacht, nó nach mian leo sin a dhéanamh, ní mór dóibh Foirm Finné[8] a chur isteach lena n-iarratas. Caithfidh ball den Gharda Síochána nó aon nótaire nó nótaire poiblí nó cleachtóir leighis cláraithe í sin a shíniú mura féidir leis an iarratasóir, mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas, freastal ar stáisiún Garda, ar nótaire nó ar nótaire poiblí.

Is é an impleacht a bhaineann leis sin ná go mb'fhéidir go mbeadh ar iarratasóirí atá ina gcónaí lasmuigh d'Éirinn táille a íoc le nótaire chun a bhFoirm Finné a shíniú. Cé go bhféadfadh sé sin bac a chur ar roinnt toghthóirí clárú, ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir sin agus an ceanglas chun sláine an chláir a choinneáil trí fhíorú iarratais.

# 6. Toghthóirí an Toghlaigh Ardoideachais – An Cás faoi Láthair

## Líon cláraithe

In Olltoghchán an tSeanaid in 2025, nach raibh cead vótála ach ag céimithe OÉ agus TCD ann, bhí 188,851 toghthóir cláraithe sna toghlaigh sin. Bhí roinnt toghthóirí i dteideal vótáil i dtoghcháin OÉ agus TCD araon agus bhí siad ar an dá chlár. Ní raibh sonraí ar fáil ar líon na dtoghthóirí a bhí cláraithe do thoghlaigh OÉ agus TCD araon toisc gur chláir ar leith iad sin, a bhí á maoirsiú ag Oifigigh Chlárúcháin ar leith in OÉ agus TCD.

Bhí 62,775 clárúchán san iomlán ar fud na n-institiúidí ainmnithe uile ar an gcéad chlár don toghlach Ardoideachais nua. D'ardaigh an clár faoi 9,295 toghthóir go 71,850[9] in 2026, méadú 14.8%. Is féidir le hiarratasóirí suas le dhá cháilíocht a liostáil ar a n-iarratas chun cabhrú le hinstitiúidí ainmnithe a dtaifead a aimsiú, agus féadfar cáilíochtaí breise a chur leis mura bhfuil cáilíochtaí roimhe sin atá liostaithe incháilithe. Dá bhrí sin, sna sonraí thíos, tá roinnt iarratasóirí san áireamh sna figiúirí do níos mó ná institiúid amháin. Mar sin féin, níl ach vóta amháin ag toghthóirí i dtoghcháin an tSeanaid.


© Oireachtas

| Instítiúid Ainmnithe | Cláraithe do Thoghchán an tSeanaid in 2025 | Iarratais Rathúla 2025 | Iarratais Rathúla 2026 |
|---|---|---|---|
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath | 76,019 | 16,712 | 1,365 |
| Instítiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire | N/B | 330 | 176 |
| Instítiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan | N/B | 98 | 84 |
| NCAD (Roimh 2000) | N/B | 43 | 25 |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | N/B | 3,544 | 1,371 |
| Ollscoil Luimnigh | N/B | 2,953 | 949 |
| Ollscoil na hÉireann | 112,832 | 38,538 | 4,980 |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh | N/B | 555 | 520 |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt | N/B | 433 | 294 |
| Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | N/B | 1,477 | 1,309 |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan | N/B | 531 | 255 |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir | N/B | 337 | 315 |
| RCSI (Roimh 1977) | N/B | - | 3 |
| Iomlán na n-iarratas rathúil | - | 65,551 | 11,646 |
| **An líon iomlán cláraithe** | **188,851** | **62,775** | **71,850** |

Foinse: An Príomh-Údarás Clárúcháin. Féadfaidh céimeanna a bheith ag iarratasóirí ó OÉ/TCD agus ó instítiúid nach de chuid OÉ/TCD í. Áirítear ar líon iomlán na n-iarratas rathúil iarratasóirí a liostáil níos mó ná instítiúid amháin ar a n-iarratas, is é an líon iomlán cláraithe an uimhir atá ar chlár an toghlaigh Ardoideachais.

## Próifíl aoise na dtoghthóirí

Tá formhór na dtoghthóirí i measc aoisghrúpaí níos sine, agus 68.9% de thoghthóirí ar an gcéad chlár don toghlach Ardoideachais agus 53.6% de na toghthóirí nua in 2026 45 bliain d'aois nó níos sine. Tá toghthóirí lonnaithe i thart ar 60 dlínse difriúil; tá formhór mór na d'toghthóirí (94.6%) cláraithe ag seoltaí in Éirinn, áfach.

| Aoisghrúpa | Iarratais Rathúla 2025 | Mar Chéatadán den Chlár Iomlán | Iarratais Rathúla 2026 | Mar chéatadán de thoghthóirí nua 2026 | Iomlán 2025+2026 | Mar chéatadán den líon iomlán toghthóirí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **18 go 24** | 1,820 | 2.90% | 764 | 8.22% | 2,584 | 3.59% |
| **25 go 34** | 7,788 | 12.40% | 1,718 | 18.48% | 9,506 | 13.19% |
| **35 go 44** | 9,945 | 15.80% | 1,830 | 19.69% | 11,775 | 16.34% |
| **45 go 54** | 13,277 | 21.20% | 2,005 | 21.58% | 15,283 | 21.21% |
| **55 go 64** | 13,363 | 21.30% | 1,671 | 17.98% | 15,034 | 20.86% |
| **65 go 74** | 10,812 | 17.20% | 938 | 10.09% | 11,750 | 16.30% |
| **75 go 84** | 4,932 | 7.90% | 317 | 3.41% | 5,249 | 7.28% |
| **85 go 94** | 815 | 1.30% | 50 | 0.54% | 865 | 1.20% |
| **95 go 104** | 22 | 0.04% | 2 | 0.02% | 24 | 0.03% |
| **105 go 110** | 1 | 0.00% | 0 | 0% | 1 | 0.00% |
| **Iomlán** | **62,775** | **100%*** | **9,295** | **100%*** | **72,071** | **100%** |
| **Lúide toghthóirí a baineadh** | - | - | - | - | **71,850** | - |

Foinse: An Príomh-Údarás Clárúcháin, Foireann VótálaíSeanad.ie

* déantar na céatadáin iomlána a shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire

# 7. Cruinneas Chlár an Toghlaigh Ardoideachais

Chun críocha na tuarascála seo, is clár toghthóirí cruinn é clár nach bhfuil aon iontrálacha bréagacha, dúblacha nó míchearta air, a bhfuil na sonraí ar fad atá á gcoinneáil le haghaidh iontrála ceart agus fíoraithe ag an bPríomh-Údarás Clárúcháin (CRA) agus ag institiúidí ainmnithe ábhartha agus nach gcláraítear gach toghthóir ach uair amháin.

## Tábhacht an Chruinnis

Tá cruinneas chláir an toghlaigh Ardoideachais ina chuid bhunúsach de chóras toghcháin an tSeanaid. Ba cheart do chlár cruinn:

- Ceart daonlathach duine a chosaint trína chinntiú go bhfuil daoine atá i dteideal vóta a chaitheamh cláraithe i gceart agus nach bhfuil daoine nach bhfuil i dteideal vóta a chaitheamh ar an gclár ábhartha.
- Sláine imeachta toghcháin a chosaint trína chinntiú nach gcláraítear duine le vótáil ach uair amháin faoi rialacha nua an toghlaigh Ardoideachais, fiú má fuair siad cáilíocht incháilithe ó níos mó ná ceann amháin de na hinstitiúidí ainmnithe.
- A fhágáil gur féidir tomhas cruinn a dhéanamh ar an gcéatadán toghthóirí a vótáil i dtoghcháin.
- Meastachán ar an líon daonra incháilithe fhéideartha nach bhfuil ar an gclár a éascú.

Is clár nua é clár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais – táirgeadh an chéad cheann in 2025 agus an dara ceann in 2026. Iarradh ar gach toghthóir a bhí ar chláir OÉ agus TCD iarratas a dhéanamh as an nua ar an gclár agus is toghthóirí nua iad céimithe ó institiúidí ainmnithe eile.

## Na Próisis Iarratais agus Fíoraithe

Leagtar amach thíos na próisis iarratais ar chlárú agus fíoraithe sonraí[10]. Déantar na foirmeacha a úsáidtear chun clárú, iontráil a cheartú ar an gclár nó achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Phríomh-Oifigigh Chlárúcháin i dtaobh clárú a fhorordú i rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi ionstraim reachtúil[11].

1. Is féidir iarratais a dhéanamh ar líne trí vótálaíseanad.ie nó i bhformáid pháipéir. Is féidir an fhoirm iarratais a íoslódáil ón suíomh gréasáin. Ceanglaítear ar iarratasóirí na sonraí seo a leanas a sholáthar:
   - › **Ainm:** Ainm reatha agus iar-ainmneacha nó ainmneacha eile, .i. ainm tráth na céime chun cabhrú leis an bpróiseas fíoraithe.
   - › **Sonraí teagmhála:** Seoladh ríomhphoist reatha.
   - › **Cruthúnas ar shaoránacht:** Caithfidh iarratasóirí cóip de cháipéis a sholáthar mar chruthúnas ar shaoránacht amhail leathanach grianghraf de phas Éireannach bailí nó deimhniú eadóirseachta.
   - › **Uimhir PSP nó foirm finné chomhlánaithe.** Ní thugtar an uimhir PSP ar chlár na dtoghthóirí.


- **Seoltaí:** Seoladh reatha agus an seoladh ar cheart páipéir bhallóide a sheachadadh chuige. Tugtar an dá sheoladh ar chlár na dtoghthóirí.
- **Cáilíochtaí:** Chun cabhrú le fíorú an iarratais, is féidir suas le dhá dhámhachtain a chur isteach lena bhfíorú. Iarrtar ar iarratasóirí sonraí a sholáthar faoin institiúid a bhfuil taifead na cáilíochta aici, an institiúid ar fhreastail siad uirthi, bliain na céime, teideal iomlán na céime agus uimhir an mhic léinn más féidir.
- I gcás chéimithe OÉ, TCD, nó an dá cheann, ar mian leo a bheith san áireamh chun vótáil i gcorrthoghcháin do na toghlaigh sin a d'fhéadfadh teacht chun cinn roimh an gcéad toghchán Seanaid eile, féadfaidh siad bosca a thiceáil le bheith san áireamh sna corrthoghcháin sin.

2. Seoltar ríomhphost chuig an iarratasóir chun a dheimhniú gur cuireadh an t-iarratas isteach.
3. Déanann foireann VótálaíSeanad.ie seiceáil ar shonraí uile an iarratais.
4. Seoltar leagan giorraithe den iarratas chuig an institiúid ainmnithe ábhartha trína tairseach iarratas ar vótálaíseanad.ie mar iarratas "ar feitheamh" chun an cháilíocht a fhíorú.
5. Déanann an institiúid ainmnithe ábhartha cuardach ar a gcuid taifead chun cáilíocht an iarratasóra a fhíorú. Is gearr an tréimhse fíoraithe de ghnáth i gcás ina bhfuil na sonraí a chuireann an t-iarratasóir isteach ag teacht leis na taifid atá i seilbh na hinstitiúide ainmnithe. Sna cásanna sin, déantar iarratais a mharcáil mar "fíoraithe" agus cuirtear ar ais chuig VótálaíSeanad.ie iad le haghaidh tuilleadh próiseála. Ach d'fhéadfadh go mbeadh gá le tuilleadh eolais nó soiléirithe ón iarratasóir i gcásanna áirithe. I gcásanna den sórt sin, seolann an institiúid ainmnithe an t-iarratas ar ais chuig VótálaíSeanad.ie a théann ag plé leis an iarratasóir. Déantar gach cumarsáid le hiarratasóirí i dtaobh a n-iarratais trí fhoireann VótálaíSeanad.ie.

- I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeadh ar institiúidí ainmnithe taifid scanta, comhaid pháipéir agus sonraí arna soláthar ag institiúidí nasctha agus corpraithe a chuardach.
- I gcás nach féidir taifead a aimsiú, cuirtear an t-iarratas ar ais chuig foireann VótálaíSeanad.ie agus "níor fíoraíodh" air.



Leagtar amach an próiseas clárúcháin agus fíoraithe sa ghrafaic thíos:



## Fadhbanna leis na próisis fíoraithe

Cé go bhfuil sé riachtanach go mbeadh próiseas fíoraithe láidir i bhfeidhm chun a chinntiú nach gcuirtear ach toghthóirí incháilithe ar an gclár, tá sé ríthábhachtach freisin go laghdaítear na bacainní ar chlárú. Nuair atá siad ag clárú ar líne nó ag baint úsáid as an bhfoirm fhorordaithe, iarrtar ar iarratasóirí cóip de phas bailí Éireannach nó cóip de Theastas Eadóirseachta a sholáthar. Ós rud é nach bhfuil pas Éireannach bailí, atá i ndáta, ag roinnt saoránaigh Éireannacha, d'fhéadfadh sé seo deacrachtaí a chruthú agus d'fhéadfaí é a mheas mar bhac ar chlárú.

Tugtar faoi deara go moltar d'iarratasóirí, sa Treoir Iarratais[12] ar an tairseach, dul i dteagmháil le VótálaíSeanad.ie mura féidir leo pas bailí Éireannach nó deimhniú eadóirseachta a sholáthar ina n-iarratas. Ach is dócha go ndéanfaidh roinnt iarratasóirí neamhaird den fhaisnéis sin. Chuir VótálaíSeanad.ie in iúl don Choimisiún go bhféadfaidís glacadh le dearbhuithe reachtúla agus le teastais bhreithe réamh-2005 freisin[13] mar chruthúnas ar shaoránacht agus go bhfuil siad i bhfabhar liosta na fianaise saoránachta inghlactha a leathnú, m.sh. chun teastais Cláraithe Breithe Coigríche[14] a áireamh.

### Moladh

Ba cheart don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta smaoineamh ar an raon cáipéisí is féidir a úsáid chun saoránacht a fhíorú a leathnú, i gcomhairle leis an bPríomh-Údarás Clárúcháin (CRA). D'fhéadfadh sé seo go mbeadh gá le hathruithe ar fhoirmeacha forordaithe dá bharr sin. Ba cheart na sonraí ar fad a bhaineann le cáipéisí fíoraithe inghlactha a leagan amach go soiléir ar an suíomh gréasáin vótálaíseanad.ie.



## Measúnú ar chruinneas

Is clár nua é clár an toghlaigh Ardoideachais agus coimeádtar sonraí aonair amhail dáta breithe, seoladh agus UPSP do gach toghthóir. Dá bhrí sin, is féidir a rá go bhfuil leibhéal ard cruinnis ag clár an toghlaigh Ardoideachais faoi láthair. Déanann VótálaíSeanad.ie rialuithe cáilíochta go rialta ar shonraí chlár na dtoghthóirí. In 2026, baineadh seisear toghthóirí den chlár mar gur aimsigh VótálaíSeanad.ie nach raibh an cháilíocht incháilithe faoin reachtaíocht. Beidh gá le próisis dhiana rialaithe cáilíochta ar bhonn leanúnach de réir mar a leathnóidh an clár. Beidh sé riachtanach a chinntiú go gcoimeádfar cruinneas amach anseo agus nach ndéanfar faisnéis mhícheart a "bhácáil isteach", rud atá deacair a cheartú ag céim níos déanaí.

Ós rud é go bhfuil na toghthóirí scaipthe ar fud 60 tír, cé go bhfuil a bhformhór mór acu cláraithe ag seoltaí in Éirinn (féach Aguisín 4), agus go ndéantar vótáil i dtoghcháin ollscoile an tSeanaid trí phostvótáil, cuirtear leis an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil an clár go hiomlán cruinn. D'fhéadfadh sé go gciallódh clár míchruinn nach bhfaigheadh roinnt toghthóirí a bpáipéar ballóide agus dá bhrí sin go ndiúltófaí a vóta dóibh. D'fhéadfadh sé a bheith i mbaol calaoise freisin trí phearsantú, nó ar a laghad an tuiscint go bhfuil calaois ann.

Luaigh Seirbhís Leabharlainne agus Taighde an Oireachtais[15] roimh thoghchán an tSeanaid in 2016, gur seoladh thart ar 10,000 páipéar ballóide ar ais chuig TCD agus 13,000 chuig OÉ toisc nach raibh vótálaithe sa bhaile le síniú don pháipéar ballóide nó gur seoladh chuig seanseoltaí iad. Luadh in Athbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin (PEER) an tSeanaid nár seachadadh 19,810 ballóid OÉ agus 14,388 ballóid TCD[16] ar na cúiseanna céanna. Cé gurb iad toghcháin an tSeanaid an t-aon imeacht toghcháin in Éirinn a úsáideann post cláraithe, ní chuirtear na nósanna imeachta lena mbaineann do shínithe i bhfeidhm i gcónaí, rud a fhágann go seachadtar roinnt páipéir bhallóide chuig an seoladh mícheart agus nach seoltar ar ais chuig na hollscoileanna iad.[17]

Tá sé tábhachtach go ndíríonn an Príomh-Oifigeach Clárúcháin, an CRA agus institiúidí ainmnithe ní hamháin ar a chinntiú go gcuirtear toghthóirí nua leis an gclár, ach freisin go meabhraítear dóibh siúd atá ar an gclár faoi láthair a gcuid sonraí a nuashonrú de réir mar a athraíonn siad. Is féidir le toghthóirí athruithe a dhéanamh tríd an bhfoirm Éileamh ar Leasú Iontrála ar Chlár na dToghthóirí[18] atá ar fáil ar líne ar vótálaíseanad.ie.

Beidh sé tábhachtach freisin a chinntiú go mbainfear toghthóirí nach maireann den chlár go tráthúil. Cabhróidh comhtháthú an chórais clárúcháin le nuashonruithe Oifig an Ard-Chláraitheora[19] leis seo – baineadh 212 toghthóir nach maireann den chlár in 2026.

## Forbairtí chun cruinneas a fheabhsú

Luann an Coimisiún go bhfuil sé beartaithe ag an CRA an tairseach ar líne a fhorbairt faoi dheireadh 2027 chun taithí an úsáideora (idir thoghthóirí agus institiúidí ainmnithe) agus feidhmiúlacht iomlán a fheabhsú. Chomh maith le comhtháthú le hOifig an Ard-Chláraitheora, cabhróidh feabhsuithe eile le cruinneas a choinneáil, lena n-áirítear:

- Feabhsóidh comhtháthú leis an ardán MyGovID dearbhú céannachta agus laghdóidh sé an baol go mbeidh taifid dhúblacha ann.
- Cabhróidh comhtháthú le comhéadan ríomhchlárúcháin feidhmchláir (API) na Roinne Coimirce Sóisialaí le fíorú sonraí pearsanta, lena n-áirítear UPSPanna.
- Seiceáil ar líne an chláir a éascú do thoghthóirí ionas gur féidir leo a dheimhniú an bhfuil siad cláraithe nó

nach bhfuil agus a gcuid sonraí a leasú de réir mar is gá (tá an tsaoráid seo ar fáil faoi láthair do thoghthóirí atá cláraithe le haghaidh imeachtaí toghcháin eile trí vótálaí.ie agus checktheregister.ie).

Tá ról suntasach ag na hinstitiúidí ainmnithe maidir le cruinneas an chláir a choinneáil trína bhfíorú ar cháilíochtaí óna n-institiúid. Faoi Alt 11(3) d'Acht 2024, is é freagracht Oifigeach Clárúcháin gach institiúide ainmnithe *aon fhaisnéis atá ina seilbh, ina gcumhacht nó ina soláthar* a sholáthar don Phríomh-Oifigeach Clárúcháin má theastaíonn sé ón CRO chun a fhíorú go bhfuil iarratasóir i dteideal a bheith cláraithe ar chlár na dtoghthóirí.

Uaireanta is féidir go mbíonn faisnéis a sholáthraíonn iarratasóirí míchruinn maidir le sonraí, lena n-áirítear teideal na cáilíochta, bliain na céime nó ainm tráth na céime. Tuigtear go bhféadfadh daoine aonair na sonraí sin a chailleadh le himeacht ama. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin go mbeadh córais agus nósanna imeachta láidre i bhfeidhm ag na hinstitiúidí chun éileamh iarratasóra a fhíorú go sásúil. Tugann an CRA comhairle d'institiúidí ainmnithe go dteastaíonn ardleibhéal cinnteachta i gcás an chinnidh cáilíocht aon iarratasóra a fhíorú. Agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le cáilíocht a fhíorú nó a dhiúltú, cuireann institiúidí ainmnithe an caighdeán fianaise is gá i bhfeidhm maidir le hiarratas ar phár dúblach nó ar thras-scríbhinní mac léinn.

Is féidir leis an gcaoi a gcoinníonn roinnt institiúidí ainmnithe sonraí stairiúla dúshláin a chruthú maidir le fíorú cáilíochtaí. Tá meascán de thaifid dhigiteacha agus pháipéir ag roinnt institiúidí a bhféadfadh sonraí ó institiúidí éagsúla atá ionsúite acu leis na blianta a bheith iontu. D'fhéadfadh sé go mbeadh na taifid pháipéir á gcoinneáil ar champais dhifriúla agus nach mbeadh rochtain éasca orthu. Is féidir leis an riachtanas taifid pháipéir a sheiceáil moill shuntasach a chur ar an bpróiseas fíoraithe cáilíochta freisin.

Mar shampla, i gcás nach féidir iarratasóir a aimsiú i dtaifid institiúide ainmnithe ag baint úsáid as na dátaí agus teideal na céime a cuireadh isteach, féadfaidh an institiúid breathnú ar thréimhse 3 bliana chun éileamh an iarratasóra a fhíorú, rud atá dearfach i dtéarmaí a chinntiú go ndéantar athbhreithniú críochnúil ar gach iarratas. D'fhéadfadh úsáid réiteach teicniúil amhail roghchláir anuas earráidí a laghdú ag céim an iarratais.

**Moladh**

Ba cheart don Phríomh-Údarás Clárúcháin (CRA) a phróiseas clárúcháin a fheabhsú chun an fhéidearthacht go gcuirfeadh iarratasóirí faisnéis mhícheart isteach a íoslaghdú agus roghchláir anuas a úsáid a mheas chun teorainn a chur le líon na n-ainmneacha cúrsaí agus na mblianta míchearta a chuirtear isteach.

# 8. Iomláine Chlár an Toghlaigh Ardoideachais

Is féidir iomláine cláir toghthóirí a thomhas lena mhéid a bhfuil gach duine atá i dteideal a bheith ar chlár toghthóirí ar an gclár toghthóirí sin.

## Tábhacht na hiomláine

Tá iomláine chláir na dtoghthóirí tábhachtach mar thomhas ar rannpháirtíocht na dtoghthóirí. Ba cheart go mbeadh sé mar uaillmhian ag an bPríomh-Oifigeach Clárúcháin agus ag Oifigeach Clárúcháin gach institiúide ainmnithe go mbeadh gach duine atá i dteideal vótála i dtoghcháin an toghlaigh Ardoideachais cláraithe chuige sin. Mar sin féin, aithníonn an Coimisiún na dúshláin a bhaineann leis seo a bhaint amach agus líon na dtoghthóirí ionchasacha a shainiú go beacht.

## Measúnú ar iomláine

Faoi Alt 7 d'Acht 2024, tá duine i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir sa chlár toghcháin má tá sé nó sí

a. tar éis céim a fháil ó institiúid arb institiúid ainmnithe í, nó ar institiúid atá díscaoilte agus ar aistríodh a feidhmeanna chuig institiúid arb institiúid ainmnithe í (faoin Acht sainmhínítear "céim" mar chéim (seachas céim oinigh) atá ag leibhéal céime baitsiléara ar a laghad),

b. ina shaoránach nó ina saoránach Éireannach, agus

c. tar éis ocht mbliana déag a shlánú

Léiríonn sonraí Dhaonáireamh 2022 ón bPríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil cáilíocht tríú leibhéal ag thart ar 1,288,101[20] saoránach Éireannach (féach an tábla ar leathanach 31). Beidh céatadán den líon sin tar éis céim a bhaint amach le cáilíochtaí nach bhfuil incháilithe nó ó institiúidí nach bhfuil ainmnithe faoi Acht 2024, ach tá céimithe ann freisin atá ina gcónaí thar lear a bheidh incháilithe le clárú.

Cuireann sonraí an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA) faisnéis úsáideach ar fáil faoi chéimithe a bhfuil cónaí orthu in Éirinn, ach ní chuireann siad saoránacht na gcéimithe ar fáil. Léiríonn na sonraí sin gur bhain thart ar 72,010 duine cáilíocht céime ar a laghad amach in 2024. D'fhéadfadh cáilíochtaí incháilithe eile ó institiúidí ainmnithe a bheith ag cuid acu sin (féach an Tábla ar leathanach 31). Soláthraíonn sonraí HEA sonraí faoi líon na gcéimithe do gach institiúid ainmnithe freisin. Cé nach léiríonn sé sin go cruinn an líon atá sa raon le haghaidh clárúcháin, léiríonn na sonraí méid coibhneasta thoghthóirí ionchais gach institiúide ainmnithe laistigh den toghlach nua. Leagann sé sin béim ar thábhacht na ngníomhaíochtaí chun clárú céimithe incháilithe a bharrfheabhsú ar fud na n-institiúidí uile.

| Institiúidí ainmnithe | Líon iomlán na gcéimithe – rang 2024 |
|---|---|
| An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha | 390 |
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | 12,365 |
| Coláiste na hOllscoile Corcaigh | 8,455 |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath | 6,915 |
| Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire | 535 |
| Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan | 1,635 |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | 5,315 |
| Ollscoil Luimnigh | 6,045 |
| Ollscoil Mhá Nuad | 4,460 |
| Ollscoil na Gaillimhe | 6,575 |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh | 7,855 |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt | 5,535 |
| Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | 6,180 |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) | 4,485 |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir | 4,855 |
| RCSI Ollscoil na Míochaine agus na nEolaíochtaí Sláinte | 1,755 |
| **Iomlán** | **83,355** |

Foinse: Key Facts & Figures | Statistics | An tÚdarás um Ard-Oideachas

I dtoghchán an tSeanaid in 2025, bhí 112,832 céimí OÉ agus 76,019 céimí TCD cláraithe le vótáil.[21] Ba iad 38,538 agus 16,712 faoi seach na figiúirí clárúcháin don chéad toghlach Ardoideachais do na hinstitiúidí sin. Tugtar faoi deara go n-áirítear sna sonraí do 2025 toghthóirí a bhí cláraithe i dtoghlaigh OÉ agus TCD araon, mar a ceadaíodh ag an am. B'fhéidir go raibh go leor toghthóirí nach maireann agus toghthóirí a raibh seoltaí as dáta acu ar na cláir freisin. Tá na huimhreacha clárúcháin nua an-ghar do na figiúirí iarbhír maidir le vótáil in Olltoghchán an tSeanaid in 2025 (36,151 OÉ[22], 17,821 TCD[23]), a thugann le fios gur chláraigh siad siúd a bhfuil sé beartaithe acu a bheith gníomhach i dtoghcháin an tSeanaid le vótáil. Mar sin féin, is cúis díomá an leibhéal íseal clárúcháin i gcomparáid leis na huimhreacha féideartha atá sa raon agus leagann sé béim ar an ngá atá le hiarracht chomhbheartaithe ón bPríomh-Údarás Clárúcháin (CRA) agus ó institiúidí ainmnithe, le tacaíocht ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, chun athruithe ar incháilitheacht agus próisis chlárúcháin a

chur in iúl. D'fhéadfadh an leibhéal íseal a léiriú freisin go bhfuil gá le fócas láidir cumarsáide ar thábhacht an tSeanaid agus ar thábhacht na vótála sna toghcháin seo.

Faoi Alt 26 (b) d'Acht 2024, d'iarr an Coimisiún sonraí ó institiúidí ainmnithe maidir leis na gníomhaíochtaí a rinne siad chun a chinntiú go gcuirtear gach duine atá i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóirí ar chlár na dtoghthóirí ar an eolas faoina gceart chun clárú agus faoin bpróiseas clárúcháin.

Thuairiscigh na hinstitiúidí ainmnithe ar fad gur ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí chun clárú don toghlach Ardoideachais agus an próiseas clárúcháin a phlé le céimithe nua agus alumni. Tá sonraí na bhfreagraí a tugadh in Aguisín 2. Ní haon ionadh é, i bhfianaise chomh scaipthe agus atá na toghthóirí, gurb iad na meáin shóisialta na príomh-mhodhanna cumarsáide, mar aon le roinnt faisnéise ar shuíomhanna gréasáin institiúidí agus scaipeadh faisnéise trí líonraí alumni. Is beag gníomhaíocht atá ann lasmuigh de na líonraí sin chun díriú ar thoghthóirí ionchasacha.

## Moladh

Ba cheart do na hinstitiúidí ainmnithe agus don Údarás Clárúcháin Lárnach (CRA) a bheith níos nuálaí agus níos fairsinge ina ngníomhaíochtaí cumarsáide agus é mar aidhm acu dul i ngleic leis an oiread toghthóirí incháilithe agus is féidir. Ba cheart go mbeadh na hiarrachtaí comhoibríoch, pleanáilte agus comhordaithe agus ba cheart go mbeadh fóraim iomadúla i gceist leo chun an rannpháirtíocht le hiarmhic léinn agus le céimithe nua a mhéadú a oiread agus is féidir roimh an gcéad toghchán Seanaid eile.

Tugtar treoir a bhaineann le clárú vótálaithe san fhaisnéis do chéimithe nua freisin. Chuir institiúid amháin (COBÁC) acmhainní ar fáil do bhaill foirne le roinnt lena mic léinn sa bhliain dheireanach. Tacaíodh leis na gníomhaíochtaí sin go léir le feachtas meán náisiúnta le linn thréimhsí clárúcháin 2025 agus 2026 ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Chomh maith leis sin, bhí an Roinn i dteagmháil leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha le linn na tréimhse iarratais chun an chéad chlár don toghlach Ardoideachais a ullmhú agus chuir sí sócmhainní cumarsáide ar fáil lena scaipeadh ar líonra na nAmbasáidí.

## Moladh

I bhfianaise go bhfuil toghthóirí incháilithe ar fud na cruinne, ba cheart don Roinn Gnóthaí Eachtracha dul i gcomhairle leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun tacú le hiarrachtaí an Phríomh-Údaráis Clárúcháin (CRA) chun dul i ngleic go héifeachtach agus go rialta le toghthóirí incháilithe atá ina gcónaí thar lear.

Luaigh an Coimisiún cé go n-áiríonn roinnt institiúidí ainmnithe sonraí faoi chritéir incháilitheachta, faisnéis clárúcháin agus naisc chuig an tairseach clárúcháin ar a suíomhanna gréasáin, go háirithe sna rannóga alumni, nach ndéanann siad uile amhlaidh.

## Moladh

Ba cheart do gach institiúid ainmnithe faisnéis faoi chritéir incháilitheachta, clárú agus nasc chuig vótálaíseanad.ie a chur go feiceálach ar a suíomhanna gréasáin.

Luaigh institiúidí gur dúshlán é clárú céimithe nár bhain cáilíocht amach le deireanaí. Bheadh sé úsáideach don líonra institiúidí faisnéis a roinnt faoi ghníomhaíochtaí atá ar bun acu agus comhoibriú orthu sin nuair is féidir. Tá tábhacht faoi leith leis sin i gcás institiúidí seachas OÉ agus TCD, nach mbeadh an t-eolas céanna ag a gcéimithe ar thoghcháin an tSeanaid, rud a fhágann go bhfuil na céimithe sin gann ar an gclár le hais OÉ agus TCD.

### Moladh

Ba cheart don Phríomh-Údarás Clárúcháin (CRA) líonra de na hinstitiúidí ainmnithe a bhunú agus a éascú chun faisnéis a roinnt faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide agus rannpháirtíochta atá ar bun acu agus chun comhoibriú orthu sin nuair is cuí. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhuntáiste ar leith d'institiúidí ainmnithe atá nua sa phróiseas toghcháin.

Mar a sonraíodh in Athbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin, Olltoghchán Sheanad Éireann (PEER an tSeanaid), is iad toghcháin an tSeanaid an t-aon imeacht toghcháin in Éirinn nach mbaineann leas as cláir fhorlíontacha. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an tréimhse clárúcháin theoranta agus easpa saoráide do chlárúchán forlíontach ar chlárú vótálaithe agus ar an líon vótálaithe a chaitheann vóta. D'fhéadfadh go mbeadh an spriocdháta clárúcháin do vótálaithe thart don bhliain faoin am a mbronnfaí céim ar roinnt mic léinn óna n-institiúid ainmnithe, agus is deis nár tapaíodh é sin chun clárú agus rannpháirtíocht a mhéadú a oiread agus is féidir.

### Moladh

Ba cheart an reachtaíocht a leasú chun bunú cláir fhorlíontaigh don toghlach Ardoideachais a éascú roimh an gcéad olltoghchán eile don Seanad. Ba cheart don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta dul i gcomhairle leis an bPríomh-Oifigeach Clárúcháin i dtaobh impleachtaí acmhainní féideartha i dtaca le bainistíocht an chláir fhorlíontaigh.

Faoi Alt 7 d'Acht 2024[24], tá incháilitheacht vótála teoranta dóibh siúd ar bronnadh céim orthu ag institiúid ainmnithe, nó a fuair céim ó institiúid ainmnithe. Tá mearbhall agus gearán tar éis teacht chun cinn i measc alumni institiúidí ainmnithe maidir le sonrú céime a shainmhínítear faoin Acht mar chéim (seachas céim oinigh) atá ar leibhéal céime baitsiléara ar a laghad.

Luaigh Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI) go háirithe gur bronnadh ceadúnaithe ar chéimithe roimh 1977 chun leigheas nó fiaclóireacht a chleachtadh seachas céimeanna. Cuireadh in iúl don Choimisiún gur chruthaigh na critéir incháilitheachta don chlár roinnt mearbhaill i measc alumni RCSI a mhothaíonn gur baineadh a gceart vótála díobh. Luadh gur aithníodh ceadúnaithe mar chéimeanna atá coibhéiseach le céim faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.[25] Fuair an Coimisiún comhfhreagras freisin maidir le rangú Dioplóma in Optaic Oftalmach mar leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, an leibhéal céanna le Céim Bhaitsiléara Onóracha,[26] ach nach nglactar leis mar cháilíocht incháilithe chun críocha clárúcháin. Tá toghthóirí an toghlaigh Ardoideachais sách cúng, bunaithe ar a chritéir incháilitheachta. Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar incháilitheacht cáilíochta i gcomhar leis an bPríomh-Oifigeach Clárúcháin agus leis na hinstitiúidí ainmnithe ag féachaint leis na dámhachtainí a nglactar leo a leathnú seans.

### Moladh

Ba cheart don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, mar aon leis an bPríomh-Oifigeach Clárúcháin agus institiúidí ainmnithe, athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta le haghaidh clárúcháin, atá teoranta do chéim faoi láthair. D'fhéadfadh an ceanglas seo ceart vótála a bhaint de thoghthóirí a bhfuil cáilíochtaí coibhéiseacha acu, de réir an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí.

Tá an fhéidearthacht maidir le clárú uathoibrithe luaite ag roinnt institiúidí freisin chun an clárú a bharrfheabhsú. Ach is athrú beartais agus reachtaíochta é sin a d'fhéadfadh a bheith le breithniú i gcomhthéacs an athchóirithe toghcháin trí chéile.

# Aguisín 1

Liosta Iomlán d'Institiúidí Ainmnithe agus d'Institiúidí Reatha, Cleamhnaithe agus Stairiúla

| Institiúidí Reatha, Cleamhnaithe agus Stairiúla | Institiúid Ainmnithe |
|---|---|
| Acadamh Náisiúnta na nEalaíon Drámaíochta LIR | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath |
| An Chomhairle Náisiúnta don Aclaíocht agus Corpacmhainn | Ollscoil Luimnigh |
| An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha | Ollscoil na hÉireann |
| An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD) (Roimh 2000) | An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD) (Roimh 2000) |
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | Ollscoil na hÉireann |
| An Foras Náisiúnta um Ard-Oideachas, Baile Átha Cliath | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) |
| An Foras Náisiúnta um Ard-Oideachas, Luimneach | Ollscoil Luimnigh |
| An Foras Náisiúnta um Ard-Oideachas, Luimneach | Ollscoil na hÉireann |
| An Foras Riaracháin | Ollscoil na hÉireann |
| Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath |
| Ceol-Scoil Chorcaí | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) |
| Coláiste an Gharda Síochána | Ollscoil Luimnigh |
| Coláiste Bhantiarna na Trócaire, Dún Carúin | Ollscoil na hÉireann |
| Coláiste Dhún Carúin | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) |

| **Institiúidí Reatha, Cleamhnaithe agus Stairiúla** | **Institiúid Ainmnithe** |
|---|---|
| Coláiste Ealaíne Bhoirne | Ollscoil na hÉireann |
| Coláiste Ealaíne is Deartha Crawford | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) |
| Coláiste Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire | Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT) |
| Coláiste Ealaíne, Tráchtála agus Teicneolaíochta Luimnigh | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir |
| Coláiste Mhuire Gan Smál | Ollscoil Luimnigh |
| Coláiste Mhuire Gan Smál | Ollscoil na hÉireann |
| Coláiste na hOllscoile Corcaigh | Ollscoil na hÉireann |
| Coláiste na hOllscoile, Gaillimh | Ollscoil na hÉireann |
| Coláiste na Naomh Uile (AHC) | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath |
| Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) |
| Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath |
| Coláiste Oideachais Froebel | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath |
| Coláiste Oideachais Thuamhumhan | Ollscoil Luimnigh |
| Coláiste Oideachais Thuamhumhan, Luimneach | Ollscoil na hÉireann |
| Coláiste Oideachais Tís San Caitríona | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath |

| Institiúidí Reatha, Cleamhnaithe agus Stairiúla | Institiúid Ainmnithe |
|---|---|
| Coláiste Ósta na Sionainne | Ollscoil na hÉireann |
| Coláiste Phádraig, Droim Conrach | Ollscoil na hÉireann |
| Coláiste Phádraig, Droim Conrach (SPC) | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) |
| Coláiste Phádraig, Durlas | Ollscoil Luimnigh |
| Coláiste Phádraig, Maigh Nuad | Ollscoil na hÉireann |
| Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn (RCSI) (Roimh 1977) | Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn (RCSI) (Roimh 1977) |
| Coláiste San Aingeal | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) |
| Coláiste San Aingeal, Sligeach | Ollscoil na hÉireann |
| Coláiste Teicniúil Luimnigh | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir |
| Coláiste Teicniúil Réigiúnach Oistín De Bhaldraithe | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Baile Átha Luain | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir |
| Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Ceatharlach | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Corcaigh | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) |
| Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Corcaigh | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) |
| Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Donnchadha Ó Máille | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) |
| Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Dún Dealgan | Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT) |

| Institiúidí Reatha, Cleamhnaithe agus Stairiúla | Institiúid Ainmnithe |
|---|---|
| Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Gaillimh | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) |
| Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Luimneach | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir |
| Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Port Láirge | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Sligeach | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) |
| Coláiste Teicniúil Réigiúnach, Trá Lí | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) |
| Institiúid Baincéireachta | Ollscoil na hÉireann |
| Institiúid Crawford | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) |
| Institiúid Diagachta agus Fealsúnachta Bhaile an Mhuilinn | Ollscoil na hÉireann |
| Institiúid Diagachta Eaglais na hÉireann | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath |
| Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT) | Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT) |
| Institiúid Forbartha Gnó Tuaithe Thiobraid Árann (TRBDI) | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir |
| Institiúid Mater Dei (MDI) | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) |
| Institiúid Oideachais Marino | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath |
| Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath |
| Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath |
| Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir |

| Institiúidí Reatha, Cleamhnaithe agus Stairiúla | Institiúid Ainmnithe |
|---|---|
| Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) |
| Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan | Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT) |
| Institiúid Teicneolaíochta Leitir Cheannainn | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) |
| Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir |
| Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) |
| Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| Institiúid Teicneolaíochta Shligigh | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) |
| Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta | Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath |
| Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir | Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath |
| Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) |
| Institiúid Thiobraid Árann | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir |
| OÉ, Gaillimh | Ollscoil na hÉireann |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) |
| Ollscoil Luimnigh | Ollscoil Luimnigh |
| Ollscoil Mhá Nuad | Ollscoil na hÉireann |

| **Institiúidí Reatha, Cleamhnaithe agus Stairiúla** | **Institiúid Ainmnithe** |
|---|---|
| Ollscoil na Gaillimhe | Ollscoil na hÉireann |
| Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad | Ollscoil na hÉireann |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir |
| RCSI Ollscoil na Míochaine agus na nEolaíochtaí Sláinte | Ollscoil na hÉireann |

Foinse: VótálaíSeanad.ie

# Aguisín 2

## Tuarascáil Formhaoirseachta ar an Toghlach Ardoideachais – Ceistneoir – Institiúidí Ainmnithe

### Cuspóir an cheistneora

Faoi Alt 26 d'*Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024*, féadfaidh an Coimisiún Toghcháin taighde a choimisiúnú nó a dhéanamh i dtaobh:

- cruinneas agus iomláine chlár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais.
- na gníomhaíochtaí a dhéanann institiúidí ainmnithe chun a chinntiú go gcuirtear gach duine atá i dteideal a bheith cláraithe ar an eolas faoina gceart sin chun clárú agus faoin bpróiseas clárúcháin.
- na nósanna imeachta a bhaineann leis an bpróiseáil agus an bainistiú faisnéise a dhéanann an príomh-údarás clárúcháin.
- agus aon ní eile a bhaineann leis an toghlach Ardoideachais a mheasann an Coimisiún Toghcháin a bheith ábhartha dá fheidhmeanna.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún freisin tuarascáil a fhoilsiú gach re bliain i ndáil le clár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais, bunaithe ar aon taighde a rinneadh, agus moltaí a dhéanamh de réir mar is mian leis.

Cuirfidh freagraí ar an gceistneoir seo bonn eolais faoi thuarascáil formhaoirseachta an Choimisiúin Toghcháin. Comhlánaigh gach cuid den cheistneoir chomh críochnúil agus is féidir. Má bhíonn aon cheist agat, cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig Elecreg@electoralcommission.ie

### Cuid 1: Ról agus Freagrachtaí an Oifigigh Clárúcháin

1.1 Cé na hacmhainní atá ar fáil duit i do ról mar Oifigeach Clárúcháin? Tabhair breac-chuntas sa tábla thíos. Cuir rónna breise leis an tábla más gá.

| Acmhainn | Sonraí |
|---|---|
| **Foireann (coibhéis lánaimseartha)** | |
| **Buiséad sonrach d'fheidhmeanna an Oifigigh Clárúcháin** | |
| **Eile – sonraigh** | |

1.2 Cén céatadán de do chuid ama a leithdháiltear ar d'fheidhmeanna mar Oifigeach Clárúcháin? Cé na róil/freagrachtaí eile atá agat i dteannta do róil mar Oifigeach Clárúcháin?

| Ceist | Freagra |
|---|---|
| **Meastachán ar an % ama a chaitear ar fheidhmeanna an Oifigigh Clárúcháin roimh an spriocdháta clárúcháin** | |
| **Meastachán ar an % ama a chaitear ar fheidhmeanna an Oifigigh Clárúcháin lasmuigh den tréimhse clárúcháin** | |
| **Feidhmeanna a reáchtáiltear sa bhreis ar fheidhmeanna an Oifigigh Clárúcháin** | |
| **Cuir faisnéis eile ar fáil de réir mar is gá:** | |

1.3 Cé na fadhbanna atá aitheanta agat a chuireann moill ar fhíorú iarratais? Cuir tic le gach ceann a bhaineann le hábhar agus cuir tuilleadh fadhbanna sa bhosca téacs thíos de réir mar is gá.

☐ Cáilíocht na sonraí ón iarratasóir

☐ Cáilíocht na dtaifead atá i seilbh na hinstitiúide ainmnithe

☐ Soláthar acmhainní

☐ Eile

| Tabhair tuilleadh sonraí thíos: |
|---|
| |

## Cuid 2: Iomláine Chlár na dToghthóirí don Toghlach Ardoideachais

**Is clár toghcháin iomlán ceann ina bhfuil na daoine atá i dteideal a bheith ar chlár na dtoghthóirí cláraithe le vótáil.**

2.1 Bunaithe ar na taifid atá in bhur seilbh, tabhair an figiúr is cruinne atá ar fáil sa tábla thíos maidir le líon na gcéimithe de chuid d'institiúide a d'fhéadfadh a bheith incháilithe chun clárú mar thoghthóirí don toghlach Ardoideachais, .i. iad siúd a bhfuil céim bhaitsiléara, mháistreachta nó dhochtúireachta acu, a bhí ina saoránaigh Éireannacha tráth ar bronnadh an chéim orthu

(a) le haghaidh gach bliana a raibh na leibhéil cháilíochta riachtanacha ar fáil ina leith

(b) le haghaidh 2025

| Achar Ama | Líon |
|---|---|
| An líon céimithe a bhfuil cáilíocht ábhartha amháin ar a laghad acu amhail céim bhaitsiléara, mháistreachta nó dhochtúireachta, a bhí ina saoránaigh Éireannacha tráth ar bronnadh céim orthu ón mbliain ar bronnadh cáilíochtaí incháilithe | |
| An líon céimithe a bhfuil cáilíocht ábhartha amháin ar a laghad acu amhail céim bhaitsiléara, mháistreachta nó dhochtúireachta, a bhí ina saoránaigh Éireannacha tráth ar bronnadh céim orthu ón mbliain ar bronnadh cáilíochtaí incháilithe in 2025 | |
| **Nótaí tráchta breise de réir mar is gá:** | |

2.2 Tabhair sonraí faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh chun iomláine an chláir don toghlach Ardoideachais nua a uasmhéadú. Cuir rónna breise leis an tábla thíos más gá.

| Gníomhaíocht (tabhair sonraí, m.sh. Scríobhadh chuig céimithe X uair, feachtas meán sóisialta, srl.) | Achar Ama | Spriocghrúpa agus an líon daoine sa ghrúpa, m.sh. céimithe nua, alumni, srl. | Costas |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

| Tabhair sonraí maidir leis an gcaoi a ndéantar measúnú ar thionchar na ngníomhaíochtaí: |
|---|
| |

2.3 Tabhair sonraí faoi na dúshláin a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéanamh chun iomláine an chláir a uasmhéadú agus faoi na céimeanna féideartha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Cuir rónna breise leis an tábla thíos más gá.

| Dúshlán | Sonraí | Céimeanna/tacaíochtaí féideartha chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

2.4 Tabhair sonraí faoi líon agus cineál na gceisteanna ó alumni/chéimithe faoin gclár ó mhí Eanáir 2025 i leith. Is leor neas-líon.

| An Cineál Fiosrúcháin (leagtar samplaí amach thíos agus is féidir cur leo) | Líon Measta |
|---|---|
| Fiosrúchán maidir le hincháilitheacht cáilíochta | |
| Fiosrúchán maidir le taifid phearsanta | |
| Fiosrúchán maidir leis an bpróiseas iarratais | |
| **Cuir rónna breise leis de réir mar is gá** | |

## Cuid 3: Cruinneas Chlár an Toghlaigh Ardoideachais

**Is ionann clár toghthóirí cruinn agus ceann nach bhfuil aon iontrálacha bréagacha, dúblacha ná míchearta air, ina bhfuil na sonraí ar fad d'iontráil cruinn agus nach gcláraítear gach duine ach uair amháin.**

3.1 Leag amach an próiseas chun sonraí an iarratasóra a fhíorú laistigh de d'institiúid. Tabhair faisnéis i do fhreagra maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) A oiread agus a dhéantar taifid mic léinn a úsáidtear chun cáilíochtaí iarratasóirí a fhíorú a dhigitiú.

(b) An bhfuil rochtain éasca ar thaifid mic léinn a úsáidtear chun cáilíochtaí iarratasóirí nach bhfuil digitithe a fhíorú.

Úsáid an tábla thíos chun faisnéis a sholáthar faoi do phróisis, ag cur an oiread rónna agus is gá leis. Cuir cóip den lámhleabhar treorach agus/nó den léarscáil phróisis ar fáil, más féidir.

| Tasc | Mionsonraí | Amlíne |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

3.2 Sa tábla thíos, tabhair faisnéis faoin achar ama chun iarratais a fhíorú i líon laethanta, seachtainí, srl.? Tabhair faisnéis bhreise de réir mar is gá.

| An próiseas fíoraithe | Meán-Amlíne (laethanta/seachtainí/míonna) |
|---|---|
| Gnáth-iarratas agus fíorú | |
| Iarratas agus fíorú casta | |
| Nótaí tráchta breise: | |

3.3 Cén céatadán, go garbh, d'iarratais a mbíonn gá le dul i gcomhairle leis an CRA fúthu chun tuilleadh eolais a iarraidh? Cé na cúiseanna a bhíonn leis an obair leantach sin?

| | |
|---|---|
| **% d'iarratais a mbíonn gá le dul i gcomhairle leis an CRA fúthu** | |
| **Na cúiseanna a bhféadfadh go mbeadh gá leis an obair leantach:** | |

3.4 Cé mhéad cás ar iarr an CRA nuashonrú ar iarratas uait?

(a) Níor iarradh nuashonrú faoi cheann ar bith ☐

(b) Níos lú ná 10 gcás ☐

(c) 10-50 cás ☐

(d) Níos mó ná 50 cás ☐

3.5 Tabhair sonraí sa tábla thíos faoi na dúshláin a bhaineann le cáilíochtaí iarratasóirí a fhíorú, m.sh. míchruinneas faisnéise a sholáthraíonn iarratasóirí, córais bainistíochta taifead, srl. Cé na céimeanna is féidir a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin? Cuir a oiread rónna agus is gá leis.

| Dúshlán | Sonraí | Céimeanna féideartha chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

3.6 An gcuirtear sonraí toghthóirí nach maireann ar fáil don CRA, nuair a bhíonn siad ar fáil, chun cruinneas an chláir a chinntiú? Mura gcuirtear, cén chaoi a ndéantar an fhaisnéis sin a bhainistiú i dtéarmaí cruinneas an chláir a chinntiú?

| Tabhair tuilleadh sonraí thíos: |
|---|
| |

## Cuid 4: Machnamh agus Tacaíochtaí

4.1 Bunaithe ar do thaithí mar Oifigeach Clárúcháin, déan cur síos ar do thuairimí faoin bpróiseas clárúcháin agus na bealaí inar féidir é a fheabhsú ó do dhearcadh féin agus ó dhearcadh an iarratasóra araon. Tabhair do fhreagra sa tábla thíos, agus cuir a oiread rónna agus is gá leis.

| Fadhb | Feabhas féideartha |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

4.2 Cé na gníomhartha nó na céimeanna sonracha is féidir leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a ghlacadh a thacódh le do chuid oibre i dtaobh chlár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais? Tabhair do fhreagra sa tábla thíos, agus cuir a oiread rónna agus is gá leis.

| Gníomhaíocht | Tionchar Féideartha |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

4.3 Cé na gníomhartha nó na céimeanna sonracha is féidir leis an gCoimisiún Toghcháin a ghlacadh chun tacú le do chuid oibre i dtaobh chlár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais? Tabhair do fhreagra sa tábla thíos, agus cuir a oiread rónna agus is gá leis.

| **Gníomhaíocht** | **Tionchar Féideartha** |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

4.4 Nótaí tráchta breise: Leag amach anseo aon tuairimí breise nach bhfuil léirithe sna freagraí thuas.

# Aguisín 3

Gníomhaíochtaí Clárúcháin a rinne institiúidí ainmnithe.

| Institiúidí ainmnithe | Sonraí na gníomhaíochta |
|---|---|
| An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha | • Tacaíodh le feachtas ar na meáin shóisialta.<br>• Meáin shóisialta NCAD.<br>• Faisnéis tugtha i gCumarsáid Alumni. |
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | • Feachtas Ríomhphoist – Ríomhphost Fáilte chuig Alumni Nua.<br>• Feachtas Ríomhphoist – chuig nuachtlitreacha ábhartha an choláiste/na scoile mar shampla, Nuachtlitir Eolaíochta ag am clárúcháin.<br>• Na meáin shóisialta – Foireann Alumni á chur chun cinn trí na meáin shóisialta i nGaeilge agus i mBéarla – Facebook, LinkedIn, Instagram.<br>• Le feiceáil i Nuachtlitir mhíosúil LinkedIn.<br>• Meabhrúcháin maidir le clárú do bhaill foirne.<br>• Sócmhainní meán in-íoslódáilte agus ‘teimpléad’ foclaíochta curtha ar fáil do bhaill foirne le húsáid i gcumarsáid le go mbeidh comhghleacaithe in ann iad a roinnt go díreach lena líonraí alumni féin agus le mic léinn na bliana deiridh.<br>• Sheinn institiúidí ainmnithe meáin bholscaireachta i gceantair ard-infheictheachta.<br>• Naisc faisnéise agus clárúcháin comhtháite in ábhar bronnta agus ar a leathanaigh ghréasáin ardtráchta, go háirithe faoi na rannóga Ceisteanna Coitianta, Seirbhísí Scrollaigh agus Naisc Ghinearálta, ag díriú ar mhic léinn ag pointe bhronnadh na céime.<br>• Tá faisnéis nuashonraithe sna pacáistí bronnta a sheoltar chuig gach mac léinn (& baineadh na foirmeacha páipéir clárúcháin níos sine).<br>• Bhí bileoga agus ábhar ó institiúidí ainmnithe á gcraoladh sa halla bronnta agus sna limistéir máguaird le linn sheachtainí bhronnadh na gcéimeanna. |
| Coláiste na hOllscoile Corcaigh | • Oibríonn an oifig alumni agus Aontas na Mac Léinn chun clárú don toghlach Ardoideachais a phoibliú le céimithe.<br>• Bhí seastán ag searmanas bronnta an Fhómhair anuraidh le hionadaithe ón gCoimisiún Toghcháin chun clárú a chur chun cinn. |

| Institiúidí ainmnithe | Sonraí na gníomhaíochta |
|---|---|
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath | • Litir seolta chuig na vótálaithe ar fad a bhí ar chlár na dtoghthóirí don Seanad in Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Leagadh amach Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024 agus na chéad chéimeanna eile chun clárú don toghlach Ardoideachais nua i Seanad Éireann chun vótáil in aon toghcháin amach anseo tar éis an 31 Bealtaine 2025. |
| Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire | • Ríomhphost chuig céimithe IADT chun iad a chur ar an eolas faoi Chlár an tSeanaid agus a n-incháilitheacht fhéideartha chun iarratas a dhéanamh ar chlárú.<br>• Post eisithe ag an Oifigeach Gairmeacha.<br>• Eolas ar an leathanach gréasáin.<br>• Úsáid na gcainéal meán sóisialta.<br>• Ríomhphost chuig céimithe 2025.<br>• Ríomhphoist chuig alumni. |
| Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan | • Gníomhaíochtaí Bronnta Céime: - Curtha chun cinn ar shuíomh gréasáin bhronnadh na gcéimeanna.<br>• Bileog leathanaigh amháin san fhaisnéis a seoladh chuig céimithe roimh na searmanais bronnta céime.<br>• Ionadaithe ó VótálaíSeanad.ie i láthair ar champas DkIT le linn na searmanas bronnta céime.<br>• Ríomhphost chuig an bhfoireann ar fad – “Má tá aithne agat ar dhuine a bhí ina gcéimí de chuid DkIT ó 1970 go dtí an lá inniu…”.<br>• Alt nuachta ar an suíomh gréasáin.<br>• Postálacha ar na Meáin Shóisialta.<br>• Cuimsiú i nuachtlitir mhíosúil Margaíochta agus Cumarsáide chuig an bhfoireann agus na mic léinn ar fad.<br>• Cumarsáid Spriocdhírithe agus Áitiúil -Oifig Gairmeacha agus Infhostaitheachta: -Athphostáil ar LinkedIn chuig an Leathanach agus an Grúpa Taispeántais agus an ríomhphost a chur ar aghaidh chuig síntiúsóirí céimithe cláraithe freisin. |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | • Cor poist Alumni DCU. |
| Ollscoil Luimnigh | • Feachtas ar na meáin shóisialta.<br>• Feachtas ríomhphoist tríd an oifig alumni.<br>• Mic léinn curtha ar an eolas faoi incháilitheacht ag bronnadh na céime. |

| Institiúidí ainmnithe | Sonraí na gníomhaíochta |
|---|---|
| Ollscoil Mhá Nuad | • Cuireann an Oifig Bronnta Céimithe nua ar an eolas faoin bpróiseas Clárúcháin do Sheanad Éireann.<br>• Tá sonraí ar a suíomh gréasáin chomh maith.<br>• Iarrann Oifig na dTaifead Mac Léinn ar an Oifig Alumni teachtaireacht a eisiúint chuig na Céimithe ar fad roimh oscailt an phróisis iarratais gach bliain. |
| Ollscoil na Gaillimhe | • San áireamh mar mhír faoi leith i ríomhphost Alumni mhí Feabhra chuig gach alumni.<br>• Reáchtáladh feachtas meán sóisialta spriocdhírithe ar LinkedIn agus Facebook i mí Eanáir agus Feabhra, trí chainéil Ollscoil na Gaillimhe agus alumni.<br>• Eisithe mar ríomhphost díreach ón Leas-Uachtarán agus ón gCláraitheoir chun spreagadh a thabhairt don fhoireann tacú leis an tionscnamh agus é a chur chun cinn.<br>• San áireamh i ríomhphost seachtainiúil chuig an bhfoireann ar fad i mí Feabhra.<br>• Cur chun cinn trí leathanach gréasáin Bhronnadh na gCéimeanna le linn na Searmanas Bronnta Céime.<br>• Ríomhirisí Míosúla Cumarsáide.<br>• Tugadh deis do VótálaíSeanad.ie láithreacht a bheith aige ag Bronnadh Céimeanna agus Laethanta Oscailte Iarchéime 2025. |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh | • Nuachtlitir ríomhphoist chuig bunachar sonraí na Alumni a shínigh Uachtarán OTA.<br>• Postálacha ar na meáin shóisialta lena n-áirítear físeán a roinn Uachtarán OTA.<br>• Preasráiteas a d’eisigh foireann cumarsáide na hOllscoile.<br>• Clúdach sna meáin réigiúnacha agus fógraíocht ar an raidió ar fud Shligigh, Mhaigh Eo, Dhún na nGall agus na Gaillimhe ar feadh trí seachtaine.<br>• Fógraíocht ar an raidió réigiúnach ar fud Shligigh, Dhún na nGall agus na Gaillimhe ar feadh 3 seachtaine. |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt | • Feachtas ar na meáin shóisialta.<br>• Faisnéis ar shuíomh gréasáin SETU.<br>• Faisnéis tugtha ag an gclárú don bhliain acadúil nua. |
| Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | • Ríomhphoist alumni dírithe ar chéimithe.<br>• Postálacha ar na meáin shóisialta ar ardáin lena n-áirítear Facebook, LinkedIn, Instagram, srl.<br>• Postálacha nua ar an suíomh gréasáin. |

| Institiúidí ainmnithe | Sonraí na gníomhaíochta |
|---|---|
| Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) | • Suíomh Gréasáin na hOllscoile sa Rannóg Alumni.<br>• Ardáin na Meán Sóisialta: Instagram, Facebook, LinkedIn.<br>• Nuachtlitir Alumni a eisítear gach ráithe.<br>• Alumni Rang 2025.<br>• Seastán ag an searmanas bronnta céime.<br>• Bileoga tugtha do chéimithe ag an searmanas bronnta céime. |
| Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir | • Cor poist alumni.<br>• Alt ar thairseach na alumni.<br>• Bolscaireacht ar LinkedIn.<br>• Bolscaireacht ar an suíomh gréasáin. |
| RCSI | • Nuachtlitreacha alumni.<br>• Imeachtaí alumni.<br>• Searmanas bronnta céime. |

# Aguisín 4

## Dlínsí i Seoltaí Ballóide agus Reatha

| Uimh. | Dlínsí | Uimh. | Dlínsí |
|---|---|---|---|
| 1 | An Airgintín | 31 | An tSeapáin |
| 2 | An Astráil | 32 | An Chéinia |
| 3 | An Ostair | 33 | Lichtinstéin |
| 4 | Bairéin | 34 | Lucsamburg |
| 5 | Barbadós | 35 | An Mhalaeisia |
| 6 | An Bheilg | 36 | Málta |
| 7 | Beirmiúda | 37 | Oileán Mhuirís |
| 8 | Ceanada | 38 | Meicsiceo |
| 9 | Oileáin Cayman | 39 | Monacó |
| 10 | An tSile | 40 | An Ísiltír |
| 11 | An tSín | 41 | An Nua-Shéalainn |
| 12 | An Cholóim | 42 | Tuaisceart Éireann |
| 13 | Cósta Ríce | 43 | An Iorua |
| 14 | An Chipir | 44 | An Pholainn |
| 15 | Poblacht na Seice | 45 | An Phortaingéil |
| 16 | An Danmhairg | 46 | Singeapór |
| 17 | An Eastóin | 47 | An tSlóvaic |
| 18 | An Fhionlainn | 48 | An Afraic Theas |
| 19 | An Fhrainc | 49 | An Chóiré Theas |
| 20 | An Ghearmáin | 50 | An Spáinn |
| 21 | An Bhreatain Mhór | 51 | Srí Lanca |
| 22 | An Ghréig | 52 | An tSualainn |
| 23 | An Ghraonlainn | 53 | An Eilvéis |
| 24 | Hong Cong | 54 | An Téaváin |
| 25 | An Ungáir | 55 | An Téalainn |
| 26 | An Íoslainn | 56 | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha |
| 27 | Éire | 57 | An Ríocht Aontaithe |
| 28 | Manainn | 58 | Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 29 | Iosrael | 59 | Cathair na Vatacáine |
| 30 | An Iodáil | 60 | Vítneam |

# Iarnótaí

1 Athbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin, Olltoghchán Sheanad Éireann | Eanáir 2025

2 https://assets.gov.ie/static/documents/torthai-reifrinn-1937-2024.pdf

3 Clár an Rialtais 2025 - Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú

4 Alt 53 den Acht um Ardoideachas, 2022

5 Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann Bunreacht na hÉireann

6 Faoin Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, tá feidhm mhaoirseachta ag an gCoimisiún freisin i leith chláir na dtoghthóirí atá á mbainistiú agus á gcothabháil ag údaráis áitiúla (dá ngairtear údaráis chlárúcháin san Acht). Tuarascáil Formhaoirseachta ar Chláir na dToghthóirí

7 An tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, Alt 93

8 I.R. Uimh. 104/2025 - Rialacháin Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024, 2025

9 Baineadh 220 toghthóir den chlár (212 nach maireann, 6 agóid, 2 dhúblach)

10 Tá an Treoir Iarratais ar fáil ar VótálaíSeanad.ie Treoir_Iarratais_100226_IR.pdf

11 I.R. Uimh. 104/2025 - Rialacháin Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024, 2025

12 VótálaíSeanad.ie

13 Is saoránaigh Éireannacha iad siúd a rugadh ar oileán na hÉireann roimh 2005. I gcás daoine a rugadh ar oileán na hÉireann tar éis an 1 Eanáir 2005, braitheann saoránacht Éireannach ar shaoránacht na dtuismitheoirí tráth na breithe nó ar stair chónaithe duine de na tuismitheoirí roimh an mbreith

14 Saoránacht de réir shliocht Saoránacht | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | Ireland.ie | Ireland.ie

15 LRSGSPaperSeanadUniversityMembers_160924_122203.pdf

16 Athbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin, Olltoghchán Sheanad Éireann | Eanáir 2025 lch 24

17 Athbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin, Olltoghchán Sheanad Éireann | Eanáir 2025 lch 22

18 VótálaíSeanad.ie

19 An stór lárnach do thaifid a bhaineann le breitheanna, marbh-bhreitheanna, uchtálacha, póstaí, comhpháirtíochtaí sibhialta agus básanna in Éirinn Oifig an Ard-Chláraitheora

20 Level of Education Census of Population 2022 Profile 8 - The Irish Language and Education - An Phríomh-Oifig Staidrimh

21 Tá sonraí clárúcháin ar lch 22

22 Seanad_Eireann_Election_2025_Results_All_Counts.pdf

23 Final Seanad election - News & Events | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

24 Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomh-Scoile) (Leasú), 2024, Alt 7

25 Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007

26 An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Meán Fómhair 2026
ISBN: 978-1-911722-18-2

**An Coimisiún Toghcháin,**
**Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2,**
**D02 X8X8.**

Lean muid ar ardáin na meán sóisialta @ElecCommIRL
nó logáil isteach ar www.electoralcommission.ie